# CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE

## Hadja LAHBIB

## Ullmhacht, Bainistiú Géarchéime, Comhionannas

**1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeifeá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a dhéanfaidh tú príomhshruthú inscne a chur chun feidhme agus gné na hinscne a chomhtháthú i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint ón tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Chaith mé cuid mhór de mo ghairmréim i mbun taistil ar fud an domhain, go príomha chuig tíortha a raibh géarchéim iontu nó cogadh ag dul ar aghaidh iontu (an Afganastáin, an Meánoirthear, Poblacht Dhaonlathach an Chongó), chun tuiscint agus eolas a fháil trí na ceisteanna cuí a chur. In 2022, tugadh an deis dom rannchuidiú trí chur leis na freagraí agus an taithí ar an láthair a fuair mé a chur chun tairbhe don Bheilg nuair a ceapadh mé i m'Aire Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Eorpacha.

Ní haon áibhéil a rá go raibh mo shainordú dian; bhí láimhseáil géarchéimeanna agus cogaí iomadúla ina ngnéithe móra de, cogaí san Úcráin, sa Mheánoirthear, gan ach dhá cheann a lua, chomh maith le mórthubaistí nádúrtha, mar shampla na creathanna talún sa Tuirc agus sa tSiria.

I mo cháil mar Uachtarán B-Fast – aonad mearfhreagartha Beilge i gcás géarchéimeanna agus tubaistí thar lear – rinne mé, i gcomhar le mo chomhghleacaithe sa Rialtas lena mbaineann, comhordú ar sholáthar cúnaimh éigeandála agus ar shaineolaithe a sheoladh chun tacú leis na pobail a bhí buailte. Bhí mé i gceannas ar athchóiriú B-FAST chun an struchtúr a neartú agus chun é a ullmhú do dhúshláin a bheidh ann amach anseo.

Mar thoradh ar na géarchéimeanna sin, rinneadh obair chonsalach thábhachtach chun tacú lenár saoránaigh Bheilgeacha agus Eorpacha, agus béim ar leith á leagan ar na daoine is leochailí.

Is cinnte go mbeidh níos mó géarchéimeanna ann sna blianta amach romhainn, bídís ina ngéarchéimeanna aeráide, ina ngéarchéimeanna daonnúla nó ina ngéarchéimeanna sláinte, pé acu san Eoraip nó in áiteanna eile ar domhan.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir rannchuideoidh mé le muintir na hEorpa a chosaint trína n-ullmhú níos fearr chun géarchéimeanna a réamh-mheas, a chosc nó freagairt go héifeachtach dóibh, agus an tráth céanna, cuirfidh mé ár luachanna chun cinn sa chuid eile den domhan trí thacú le daoine atá i ngátar, i gcomhréir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta.

Ach an tAontas Eorpach a ullmhú le dul i ngleic le tubaistí nádúrtha i dteannta a chéile, ar nós tubaistí, coinbhleachtaí agus géarchéimeanna de dhéantús an duine, is rud é sin a neartóidh na luachanna agus na prionsabail atá i gcroílár an Aontais seo againne. Is rud é a rannchuideoidh le domhan níos comhtháite agus níos córa a thógáil, le hAontas a chruthú a chosnaíonn a shaoránaigh agus a chuireann na cearta agus na deiseanna céanna ar fáil dóibh. Ar feadh mo shaoil, throid mé i gcoinne claontachtaí, claontachtaí a bhí dírithe orm féin uaireanta, agus tá taithí agam ar an gcaoi ar féidir leis an idirdhealú a bheith cealgach agus neamh-chomhfhiosach ar uairibh. I mo thuairimse, is é an bealach is fearr chun dul i ngleic leis an neamhionannas aghaidh a thabhairt ar gach idirdhealú go trasearnálach agus in earnáil ar bith a fheictear é.

Níl aon duine níos cinnte ná mé gurb é sochaí saor ó idirdhealú an t-aon bhunús a ligfeadh do gach duine, gan beann ar a ndúchas ná a stádas, maireachtáil faoi shaoirse, gan bhac agus a lánacmhainneacht a bhaint amach. Le linn gach ceann de mo mhisin ar fud an domhain, bhí mé tiomanta i gcónaí oibriú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta chun an comhionannas agus an ceart atá ag gach duine a bheith compordach ina gcraiceann féin a chur chun cinn.

Agus mé i m'Aire Gnóthaí Eachtracha, is cúis bhróid dom go raibh mé in ann tacú le mná na hAfganastáine agus iad ar thóir na saoirse, agus gur chuidigh mé le haird a tharraingt ar chearta daoine LGBTIQ i dtíortha ina bhfuil cosc fós ar mhórshiúlta Pride.

Leanfaidh an tiomantas seo ar aghaidh le linn mo théarma oifige mar Choimisinéir um Chomhionannas. Beidh mé i gceannas ar an obair, i gcomhar le mo chomhghleacaithe ar fad sa Choláiste, chun ceisteanna comhionannais agus inscne a phríomhshruthú i mbeartais, i reachtaíocht agus i gcláir chistiúcháin an Aontais. Tabharfaidh mé ceannaireacht le dea-shampla agus cinnteoidh mé comhionannas agus príomhshruthú inscne i réimse an bhainistithe géarchéime agus na hullmhachta, chun éifeachtacht agus cuimsitheacht na bhfreagairtí ar ghéarchéimeanna a fheabhsú.

Ar deireadh, le linn Uachtaránacht na Beilge ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ba mhór an onóir dom oibriú i ndlúthchomhar le gach leibhéal rialtais agus an éagsúlacht tuairimí a mheas mar cheann de láidreachtaí an Aontais seo againne. Ghlac an Bheilg ról 'an bhróicéara mhacánta' go dúthrachtach. Chuir sé sin ar ár gcumas thart ar sheachtó comhad reachtach a thabhairt i gcrích i gcomhar leis na gníomhaithe uile lena mbaineann, ina measc sin Parlaimint na hEorpa.

Táim lánchinnte de go gcuirfidh mo ghairm agus mo scileanna ar mo chumas dom cur le leas ginearálta na hEorpa agus Eoraip a thógáil i gcomhar le chéile a bheidh in ann freagairt go tapa agus go héifeachtach do ghéarchéimeanna. Deireadh a chur leis na bacainní agus dul i ngleic leis an neamhionannais atá fós i réim i measc ár gcomhshaoránach.

Le linn mo ghairmréime, leag mé béim mhór ar theagmháil le daoine óga, mar na beartais a mhúnlaímid inniu agus na cinntí a dhéanaimid, beidh tionchar acu ar an saol atá amach rompu. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe agam tús áite a thabhairt don idirphlé le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara, agus teagmháil ghníomhach a dhéanamh le daoine óga tríd an Idirphlé Beartais leis an Aos Óg a tharlaíonn gach bliain, agus táim ag tnúth leis an gcéad cheann acu a reáchtáil laistigh den chéad 100 lá in oifig.

Dearbhaím mo thiomantas Airteagal 17.3 CAE agus Airteagail 245 agus 339 CFAE a urramú go hiomlán. Geallaim go gcuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas maidir le haon chás a bhféadfadh coinbhleacht leasa i gcomhlíonadh mo chuid dualgas oifigiúil a bheith ag baint leis, agus tugaim gealltanas nach nglacfaidh mé le haon treoraíocht ná treoir ó aon pháirtí seachtrach.

Tá mo dhearbhú leasanna dá bhforáiltear sa Chód Iompair do Choimisinéirí líonta isteach agus tá rochtain ag an bpobal air agus déanfar é a nuashonrú de réir mar is ábhartha. I ndáil leis an méid sin, geallaim freisin go gcomhlíonfaidh mé na hoibleagáidí trédhearcachta, mar a leagtar amach sa Chód Iompair iad, a mhéid a bhaineann le bualadh leis na heagraíochtaí sin nó leis na daoine féinfhostaithe sin atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, agus leo siúd amháin.

**2. Na sainchúraimí a bhainistiú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanas a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairim, cén tslí a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a thabhairt maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus a bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí uaithi ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

Má dheimhnítear mé, i mo cháil mar Coimisinéir um Ullmhacht agus Bainistíocht Ghéarchéime, agus um Chomhionannas, glacfaidh mé orm féin an fhreagracht pholaitiúil iomlán as an misean a cuireadh de chúram orm

sa Litir Mhisin a cuireadh chugam agus i gcomhréir le Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí. Tá baint mhór ag an sainchúram seo le mo luachanna pearsanta, agus táim tiomanta na freagrachtaí sin a chomhlíonadh go dúthrachtach, rud a chiallaíonn go mbeidh teagmháil iomlán agam leat/leis an bParlaimint ar bhealach trédhearcach.

Measaim gur comhpháirtí ríthábhachtach í Parlaimint na hEorpa agus measaim go bhfuil an ról atá agam ina chuid den idirphlé leanúnach, trédhearcach libhse, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, beidh sé mar thosaíocht agam an Pharlaimint a choinneáil ar an eolas go rialta faoi mo ghníomhaíochtaí reachtacha agus páirt a ghlacadh i bpléití agus freagra a thabhairt ar cheisteanna leantacha faoi na beartais atá faoi mo chúram. Creidim go bhfuil maoirseacht pharlaiminteach ríthábhachtach chun cuntasacht agus dlisteanacht a áirithiú, agus táim lántiomanta seasamh leis an bprionsabal sin.

I gcomhréir le Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí, glacfaidh mé páirt ghníomhach i seisiúin iomlánacha agus i gcruinnithe coiste, agus i dteagmhálacha níos neamhfhoirmiúla freisin. Déanfaidh mé cinnte de go mbeidh sreabhadh comhsheasmhach faisnéise ag teacht uaim chuig cathaoirligh na gcoistí parlaiminteacha ábhartha, rud a chothóidh caidreamh comhoibríoch ar mhaithe le grinnscrúdú agus rannchuidiú éifeachtach a áirithiú. Cinnteofar go mbeidh dlúthbhaint ag Coistí Parlaiminteacha le gach forbairt mhór a thagann faoi mo réimsí freagrachta. Oibreoidh mé go dlúth freisin le Parlaimint na hEorpa chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach go tráthúil ar Rúin ó Pharlaimint na hEorpa atá bunaithe ar Airteagal 225 CFAE.

Tá go leor tionscnaimh reachtacha agus neamhreachtacha forbartha cheana féin ag an gCoimisiún atá ag dul as oifig agus má dheimhnítear m'ainmniúchán is mian liom díriú ar a gcur chun feidhme le linn mo shainordaithe. Táim lánchinnte gur féidir leis an bParlaimint rannchuidiú luachmhar a dhéanamh lena áirithiú go mbainfidh saoránaigh agus gnólachtaí leas as na tairbhí a bhaineann le beartais agus dlíthe an Aontais atá i bhfeidhm.

I réimse na hUllmhachta agus an Bhainistithe Géarchéime, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuimsítear leis an ról atá agam an cumas atá ag an Aontas a neartú ó thaobh freagairt go héifeachtach agus go tráthúil do ghéarchéimeanna. Tá sé beartaithe agam cur chuige uile-ghuaise agus uile-shochaí a fhorbairt, agus mé ag obair i gcomhar leis na Coistí ábhartha agus leis na Feisirí Eorpacha aonair chun an sprioc d'fhíor-Aontas na hUllmhachta a bhaint amach.

Ina theannta sin, is mór agam prionsabal na cinnteoireachta comhchoitinne atá ann laistigh de Choláiste na gCoimisinéirí agus creidim go láidir gur féidir linn láithreacht agus tionchar an Aontais a mhéadú ar an ardán domhanda, ní hamháin maidir le bainistiú géarchéime, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus freagairt ar ghéarchéimeanna, ach freisin maidir le cur chun cinn an chomhionannais agus na bprionsabal daonnúil ar fud an domhain agus béim láidir á leagan ar shochaithe leochaileacha i gcomhréir le mo shainchúraimí.
Tá comhar idirinstitiúideach ríthábhachtach d'fheidhmiú rianúil chóras an Aontais, agus d'éifeachtúlacht agus dlisteanacht a phróiseas cinnteoireachta. An cur chuige a bheidh agam, beidh sé bunaithe ar phrionsabail na hoscailteachta, na muiníne frithpháirtí, agus an mhalartaithe rialta faisnéise, mar bhunús le mo chuid oibre le hinstitiúidí eile an Aontais chun comhpháirtíocht éifeachtach a áirithiú chun freastal ar shaoránaigh na hEorpa.

Aithním a ríthábhachtaí atá trédhearcacht i bpróiseas reachtach an Aontais agus cloífidh mé go hiomlán le caighdeáin an-ard an Choimisiúin maidir le cruinnithe le hionadaithe sainleasa. Dá bhrí sin, foilseoimid faisnéis faoi na cruinnithe sin go rialta agus cinnteoimid go gcoinneofar an Pharlaimint agus ár saoránaigh araon ar an eolas go cuí.

Ceisteanna ón gCoiste um Fhorbairt

### 3. Bearna Cistiúcháin Dhaonnúil

*Cad iad na gníomhaíochtaí sonracha a dhéanfaidh tú chun an bhearna mhéadaitheach sa mhaoiniú daonnúil a laghdú, cuir i gcás trí bhuiséid bhliantúla agus ilbhliantúla an Aontais agus, trí chomhordú straitéiseach leis na Ballstáit, chun na Conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna sa mhaoiniú daonnúil a chur chun feidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le samhlacha nuálacha maoiniúcháin a mholadh le haghaidh cúnamh daonnúil agus 'freagracht níos cothroime a bhaint amach i measc deontóirí', mar shampla deontóirí atá ag teacht chun cinn agus deontóirí a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith le comhpháirtithe atá ar aon intinn leo? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist go nithiúil agat 'cur chuige níos straitéisí a fhorbairt maidir leis na slabhraí soláthair daonnúla' agus cad a chiallaíonn sé sin go nithiúil 'cur chuige comhleanúnach agus coigilteas costais a spreagadh'? Agus na prionsabail dhaonnúla á gcur san áireamh, cad iad na bearta a*

*dhéanfaidh tú chun a áirithiú go gcosnófar buiséad daonnúil an Aontais ar ath-leithdháiltí ar chúiseanna polaitiúla nó eacnamaíocha agus an mbeidh creat ann chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht leithdháiltí an chistithe dhaonnúil agus ar éifeachtacht cuntasachta chun na torthaí atá beartaithe a bhaint amach? Cad a dhéanfaidh tú chun céatadán na cabhrach daonnúla a théann chomh díreach agus is féidir chuig gníomhaithe áitiúla a mhéadú?*

Tá an líon daoine atá i ngátar ag méadú i gcónaí. Chun dul i ngleic leis an dúshlán sin, tá gá le hiarrachtaí comhchoiteanna ar leibhéil éagsúla, mar a leagtar amach i dTeachtaireacht 2021 dar teideal 'Plean daonnachta an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna', ina moltar sraith gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil, lena n-áirítear an bonn acmhainní a leathnú, tacú le timpeallacht chumasúcháin níos fearr do chomhpháirtithe daonnúla, aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna géarchéimeanna, riachtanais dhaonnúla a laghdú, agus borradh a chur faoi sheachadadh éifeachtach éifeachtúil cabhrach daonnúla i gcur chuige Fhoireann na hEorpa.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, seasfaidh mé i gcónaí ar son chúis dhaonnúil an Aontais agus táim cinnte go mbeidh mé in ann brath ar thacaíocht leanúnach Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le linn an téarma oifige ar fad. Ba cheart do dheontóir ceannasach dea-shampla a thabhairt agus gan aon duine a fhágáil ar lár. Is féidir a bheith cinnte go n-oibreoidh mé chun gach acmhainn atá ar fáil a úsáid gach uair a bheidh gá leis mar gheall ar an staid dhaonnúil. Neartóidh mé uirlisí freagartha daonnúla éigeandála an Aontais chun a áirithiú go mbeidh an cineál ceart sócmhainní, eolais agus saineolais againn chun bheith ag teacht le réaltachtaí nua,

Spreagfaidh mé na Ballstáit freisin chun cloí leis an sprioc dheonach 0,07 % den Ollioncam Náisiúnta (i.e. 10 % den Chúnamh Oifigiúil um Fhorbairt) a thiomnú do chabhair dhaonnúil. I measc Bhallstáit an Aontais, tá éagsúlacht mhór idir leibhéal na ranníocaíochtaí, rud a lagaíonn tionchar daonnúil na hEorpa *de facto* chomh maith lena habhcóideacht le haghaidh ranníocaíochtaí méadaithe ó thríú tíortha. Tá mé tiomanta obair leantach a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i ndáil leis sin agus beidh plé rialta agam ar an leibhéal polaitiúil chun comhordú straitéiseach a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda (e.g. ag an bhFóram Daonnúil Eorpach).

Comhoibreoidh mé libh maidir leis an tsaincheist lárnach seo mar bhrainse parlaiminteach an údaráis bhuiséadaigh. Beidh mé ag brath ar chomhiarrachtaí abhcóideachta chun a chur ina luí ar rialtais agus ar pharlaimintí náisiúnta cistiú daonnúil a chur ar fáil de réir mar is iomchuí.

Ní mór dúinn oibriú chun bonn deontóirí idirnáisiúnta níos leithne a bhaint amach. Táim suite de gur féidir é sin a bhaint amach trínár n-obair for-rochtana leanúnach choiteann go háirithe ó thaobh G20 agus comhpháirtithe for-rochtana idirnáisiúnta eile de.

Taobh amuigh de dheonú poiblí, oibreoidh mé chun an earnáil phríobháideach a thabhairt chun boird ar bhealach níos éifeachtaí. Is é an uaillmhian atá ann ní hamháin féachaint ar an gcaoi a bhféadfaidís an cistiú daonnúil a chomhlánú, ach freisin feabhas a chur ar chlú ghnólachtaí an Aontais mar chosantóirí na freagrachta sóisialta corparáidí.

Chomh maith le cistiú daonnúil, tá sé chomh tábhachtach céanna oibriú chun riachtanais dhaonnúla a laghdú (e.g. trí urraim níos fearr don Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn, trí ullmhacht do thubaistí agus réamhbhearta gníomhaíochta a mhéadú, agus trí athléimneacht tíortha leochaileacha a neartú) agus éifeachtúlacht agus éifeachtacht na cabhrach a chuirimid ar fáil a mhéadú.

Ar an gcaoi sin, agus i gcomhréir le mo litir mhisin, forbróidh mé go háirithe cur chuige níos straitéisí i leith an tslabhra soláthair dhaonnúil. Mar shampla, spreagfaidh mé comhpháirtithe daonnúla chun earraí fóirithinte a sholáthar go comhpháirteach, ullmhacht agus barrfheabhsú stoc a chothú, réitigh iompair a chomhthiomsú, saineolas a chomhroinnt agus uirlisí digiteacha coiteanna a úsáid. Le soláthar comhpháirteach, laghdófar na praghsanna arda a eascraíonn as an iomaíocht le haghaidh acmhainní teoranta. Trí fhaisnéis maidir le stoc-chairn a chomhroinnt, áiritheofar go mbeidh na hearraí cearta san áit cheart i gcás géarchéim shonrach. Trí réitigh iompair a chomhthiomsú, déanfar costais iompair agus moilleanna ar sheachadadh earraí a laghdú. D'fhéadfaí a áireamh le freagairt níos glaise úsáid earraí athchúrsáilte agus córais bainistithe dramhaíola chuí. Is samplaí iad sin den chaoi ar féidir le cur chuige straitéiseach i leith an tslabhra soláthair dhaonnúil agus na lóistíochta costais a shábháil agus spriocdhíriú ar thairbhithe a mhéadú agus bainistiú éifeachtúil buiséid a áirithiú.

Ina theannta sin, agus mé ag tógáil ar an obair a rinneadh go dtí seo, leanfaidh mé orm ag treisiú uirlisí freagartha éigeandála daonnúla an Aontais chun bearnaí oibríochtúla a líonadh agus chun seachadadh tapa cabhrach do dhaoine atá i ngátar a éascú.

Rud atá tábhachtach, má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, áiritheoidh mé go leanfar ag leithdháileadh chistiú daonnúil an Aontais i gcomhréir le prionsabail dhaonnúla agus bunaithe ar riachtanais, agus modheolaíocht láidir fhianaise-bhunaithe á leanúint agam. Ba cheart buiséad nua-aimseartha atreisithe de chuid an Aontais a dhíriú níos mó ar na háiteanna is mó a bhfuil gá le gníomhaíocht ón Aontas, agus ba cheart é a úsáid ar bhealach solúbtha. Faoin mo cheannaireacht, is é cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i ngátar an t-aon treoir a bheidh ag cabhair dhaonnúil an Aontais. Beidh faireachán agus meastóireacht ríthábhachtach i gcónaí chun cuntasacht a áirithiú chomh maith le héifeachtúlacht agus éifeachtacht idirghabhálacha daonnúla an Aontais.

Agus aitheantas á thabhairt don luach a bhaineann le cistiú ardcháilíochta chun gníomhaíocht dhaonnúil éifeachtúil agus éifeachtach a áirithiú, cuideoidh buiséad an Aontais atá níos spriocdhírithe agus níos atreisithe linn aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla agus leanúnachas oibríochtúil a áirithiú i ngéarchéimeanna a mhaireann tamall fada.

Ar deireadh, i gcomhréir le gealltanais an Aontais a tugadh faoi chuimsiú an Mhargaidh Mhóir, leanfaidh mé de thacaíocht a thabhairt don chlár oibre logánaithe. I ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe cur chun feidhme (mar shampla na Náisiúin Aontaithe, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha) agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana, leanfaidh mé orm ag obair ar mhéadú a dhéanamh ar an sciar de chistiú daonnúil an Aontais a chuirtear ar bhealach chomh díreach agus is féidir i dtreo eagraíochtaí áitiúla, mar shampla trí thacú le Cistí Comhthiomsaithe Tírbhunaithe. Tacóidh mé go comhsheasmhach freisin le fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe áitiúla agus cuirfidh mé a gcuimsiú agus a rannpháirtíocht chun cinn ar feadh an timthrialla dhaonnúil, idir ullmhacht do thubaistí agus réamhghníomhaíocht, trí mheasúnú riachtanas, beartú tosaíochta agus dearadh na céime freagartha, agus comhroinnt eolais agus rannpháirtíocht i sásraí comhordaithe, mar a léirítear sa 'Treoraíocht maidir le comhpháirtíochtaí cothroma le freagróirí áitiúla i suíomhanna daonnúla' ón gCoimisiún le déanaí.

**4. An Nasc idir an Daonnúlacht, an Fhorbairt agus an tSíocháin**

*Conas a oibreoidh tú chun feabhas a chur ar an gcomhordú, ar an gcomhar agus ar an gcomhleanúnachas idir gníomhaíochtaí forbartha, daonnúla agus cothaithe síochána an Aontais, lena n-áirítear i measc ghníomhaithe uile an Aontais, agus chun dul i dteagmháil le pobail áitiúla, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí eile chun straitéisí a fhorbairt lena dtabharfar aghaidh ar an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin? Laistigh de 'chur chuige comhtháite uile-Choimisiún i leith na leochaileachta', an ndéanfaidh tú, in éineacht leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus le seirbhísí ábhartha uile an Choimisiúin, treoir bheartais agus sásraí nithiúla a fhorbairt, chun a áirithiú go gcuideoidh iarrachtaí forbartha le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus le hathléimneacht pobal a fhorbairt, chun go mbainfear amach torthaí inbhuanaithe nach féidir a bhaint amach trí ghníomhaíocht dhaonnúil amháin, agus conas a bheartóidh tú éifeachtacht na n-iarrachtaí sin a thomhas? Ina leith sin, an ngeallann tú go gcuirfidh tú borradh faoi infheistíochtaí i réamhghníomhaíocht agus go n-oibreoidh tú leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta chun beartas comhpháirteach de chuid an Aontais a fhorbairt maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, agus béim ar leith á leagan ar chomhthéacsanna leochaileacha atá buailte ag coinbhleacht?*
*I bhfianaise fhairsinge na sainchúraimí a sannadh duit agus líon méadaitheach na ngéarchéimeanna daonnúla, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat a áirithiú go dtabharfar aird leordhóthanach ar ghné sheachtrach na cabhrach daonnúla agus na taidhleoireachta daonnúla, agus go háirithe ar ghéarchéimeanna a ndearnadh dearmad orthu? Cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun go gcuirfear chun cinn comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus urraim dó?*

Tá na dúshláin, rómhór do ghníomhaithe daonnúla gníomhú ina n-aonar, go háirithe le linn géarchéimeanna a mhaireann tamall fada. Tá sé ríthábhachtach beatha daoine a shábháil, ach ní mór don Aontas rannchuidiú freisin le réiteach coinbhleachta, aghaidh a thabhairt ar theannas polaitiúil, comhtháthú sóisialta a atógáil, rioscaí comhshaoil a laghdú, agus athléimneacht agus slándáil a threisiú.

I ngéarchéimeanna casta an lae inniu, ní leanann gníomhaíochtaí coisctheacha, fóirithinte agus téarnaimh seicheamh líneach soiléir ach is minic a bhíonn gá leo ar fad ag an am céanna. Chuige sin, ní mór do gach duine a bheith tiomanta freagairt do riachtanais dhaonnúla, ar bhealach comhleanúnach comhoibríoch, chun dóthain

cistiúcháin a ghiniúint agus aghaidh a thabhairt ar leochaileacht, ach chun dul i ngleic freisin le bunchúiseanna na leochaileachta agus na gcoinbhleachtaí agus an bealach a réiteach don chobhsaíocht agus do réitigh mharthanacha.

Tá sé ríthábhachtach freisin díriú ar athléimneacht a chothú agus coinbhleachtaí a chosc. Tugann sé sin buntáistí ollmhóra do dhaonraí trí theorainn a chur leis an tionchar nuair a tharlaíonn géarchéim, trí iarrachtaí cothaithe síochána agus an t-aistriú iar-ghéarchéime chuig an bhforbairt a éascú. Chun é sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go mbeadh cur chuige comhpháirteach ann chun measúnú a dhéanamh ar leochaileacht agus ar riachtanais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé chun cur chuige comhtháite ar fud an Choimisiúin i leith leochaileachta a bhaint amach, go háirithe trí anailís chomhpháirteach agus straitéis freagartha chomhpháirteach. Trí oibriú go dlúth leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus leis an gCoimisinéir atá freagrach as Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, i measc daoine eile, is féidir linn freagairt thapa ar ghéarchéimeanna daonnúla a áirithiú, rannchuidiú le bainistiú éifeachtach na gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na leochaileachta agus na coinbhleachta chun riachtanais dhaonnúla a laghdú. Áiritheofar leis an straitéis sin comhsheasmhacht idir ceapadh beartas domhanda, rannpháirtíocht réigiúnach agus freagairtí thírshonracha. Tacóidh mé le freagairt thapa agus éifeachtach ón Aontas ar ghéarchéimeanna trí leas a bhaint as na hionstraimí uile atá ar fáil agus trí bheartais a ailíniú chun freagairt do riachtanais láithreacha, ghearrthéarmacha agus do ghníomhaíochtaí fadtéarmacha araon agus trí chomhordú le Ballstáit an Aontais a áirithiú. Ar ndóigh, ní mór dúinn cuntasacht a áirithiú as ár ngníomhartha agus an dul chun cinn atá déanta a rianú. Dá bhrí sin, ba cheart sásra faireacháin a áireamh sa chreat leochaileachta freisin, chun measúnú rialta a dhéanamh ar ár rannpháirtíocht agus chun coigeartuithe a mholadh, de réir mar is gá. Chuige sin, tá sé i gceist agam a bheith i dteagmháil go gníomhach le comhghleacaithe ar fud sheirbhísí agus institiúidí eile an Aontais (SEGS, an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa).

Tabharfaidh mé faoi bhorradh a chur faoi infheistíochtaí in ullmhacht do thubaistí agus i réamhghníomhaíocht agus oibreoidh mé le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin chun an plean um oiriúnú don athrú aeráide a chur chun feidhme chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú agus béim ar leith á leagan ar chomhthéacsanna leochaileacha agus ar chomhthéacsanna ina bhfuil coinbhleacht i gceist. Is éard a bheidh i gceist leis sin bealaí a aimsiú chun comhoibriú níos fearr a dhéanamh chun ár n-infheistíocht chomhchoiteann in ullmhacht do thubaistí agus i réamhghníomhaíocht a mhéadú ar bhealach comhleanúnach comhordaithe agus ár n-infheistíochtaí a dhéanamh seasmhach ó thaobh na haeráide de agus díriú orthu siúd is leochailí an tráth céanna.

Leanfaidh mé freisin ag tabhairt tacaíochta d'iarrachtaí na Náisiún Aontaithe chun an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin a chur chun feidhme ar leibhéal an chórais chun tionchar a imirt lasmuigh de chistiú an Aontais.

Is féidir liom a dhearbhú gur cúis mhór bróid é fairsinge na sainchúraimí a moladh dom agus gur deis dom freisin díriú ar shineirgí a fhorbairt idir na snáitheanna éagsúla oibre atá á gcothú ag spiorad agus luach na dlúthpháirtíochta. Beidh an cúnamh daonnúil ina phríomhthosaíocht agam i gcónaí le linn mo théarma oifige ar fad mura mbeadh ann ach go bhfuil sé ag teastáil go géar mar gheall ar an staid dhaonnúil dhomhanda.

Ó thaobh an Choimisinéara atá i gceannas ar chabhair dhaonnúil de, níl a leithéid de rud ann agus 'géarchéim atá ligthe i ndearmad'. Ar an gcaoi sin, beidh sé d'aidhm agam 15 % ar a laghad den bhuiséad tosaigh na cabhrach daonnúla a thiomnú do ghéarchéimeanna nach bhfuil i mbéal an phobail go hidirnáisiúnta. Dá ndéanfaí faillí i riachtanais láithreacha le linn na ngéarchéimeanna sin, chuirfí leis an bhfulaingt agus bhainfí an bonn de dhínit an duine. Tríd an tiomantas seo a choinneáil agus trí thacú leis, tá súil agam go leanfaidh níos mó deontóirí sampla an Aontais.

Tá an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta (DDI) níos ábhartha ná riamh, agus is cosaint riachtanach é do shibhialtaigh atá thíos le coinbhleachtaí armtha. Ar an drochuair, le blianta beaga anuas, is gnáthrud é go ndéantar sáruithe ar DDI seachas rud eisceachtúil, rud a bhfuil iarmhairtí criticiúla aige do shibhialtaigh agus do bhonneagair shibhialtacha, agus a chuireann bac ar chabhair dhaonnúil dul i dteagmháil le daoine atá i ngátar agus líon méadaitheach taismeach i measc oibrithe cabhrach. Sin é an fáth go gcreidim go gcaithfimid dlús a chur lenár n-iarrachtaí agus oibriú i gcomhar chun meas ar DDI a chur chun cinn. Tá sé sin ríthábhachtach freisin chun ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint agus chun cabhrú le dul i ngleic leis na riachtanais dhaonnúla atá ag dul i méid.

Oibreoidh mé chun DDI a ardú a thuilleadh mar thosaíocht pholaitiúil, ionas gur féidir linn leas iomlán a bhaint as cumhacht an Aontais, agus taidhleoireacht dhaonnúil an Aontais agus cur chuige Fhoireann na hEorpa a neartú. I ndáil leis sin, tá sé ar intinn agam, in éineacht leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán, plean a fhorbairt chun go mbeidh

tionchar níos mó ag ár n-idirghabhálacha, agus béim á leagan ar DDI, ar shibhialtaigh a chosaint i gcoinbhleachtaí agus ar rochtain dhaonnúil. Ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit labhairt le guth níos láidre. Is féidir a bheith cinnte de go labhróidh mé amach go láidir i gcoinne sáruithe ar DDI cibé áit a dtarlaíonn siad, ach tacóidh mé freisin le bearta a chuireann cosc ar sháruithe chun cinn. Táim tiomanta DDI a chur chun cinn, i gcomhpháirt le Ballstáit an Aontais, trí mhisin taidhleoireachta agus imeachtaí ardleibhéil i bhfóraim iltaobhacha agus san Fhóram Daonnúil Eorpach. Táim tiomanta freisin leanúint orm ag obair go dlúth le Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge (CICD) maidir le cosc agus maidir le cur chun cinn na hurraime ar DDI. Le linn mo théarma oifige, tacóidh mé le bearta lena dtreiseofar faireachán ar an Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus lena gcuirfear abhcóideacht fhianaisebhunaithe chun cinn.

Ní coincheap nua don Aontas é páirt a ghlacadh sa taidhleoireacht dhaonnúil. Táimid an-ghníomhach cheana féin in iarrachtaí abhcóideachta agus taidhleoireachta chun rochtain dhaonnúil ar limistéir choinbhleachta a áirithiú agus chun sáruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chosc, amhail an t-ocras a úsáid mar arm cogaidh nó oibrithe daonnúla agus oibrithe cúraim sláinte a chosaint ar ionsaithe. Mar sin féin, mar gheall ar dhúshláin nua, tá gá le cur chuige níos láidre agus níos comhbheartaithe. Ba mhaith liom cur chuige níos córasaí agus níos comhordaithe a fháil ó ghníomhaithe ábhartha uile an Aontais. Agus an méid sin á dhéanamh agam, táim ag tnúth le bheith ag obair i gcomhar leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa chun cur chuige láidir Fhoireann na hEorpa a áirithiú maidir le saincheist atá chomh ríthábhachtach sin do shaol an oiread sin daoine.

**5. Neamhshlándáil an tsoláthair bia agus míchothú**

*Conas a neartóidh tú sásraí freagartha éigeandála an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an ocras agus ar an míchothú, chomh maith le tionchar an athraithe aeráide? Go sonrach, i bhfianaise thionchar tubaisteach chogadh na Rúise san Úcráin ar onnmhairí gráin na hÚcráine, cén aidhm atá agat na honnmhairí sin chuig tíortha i mbéal forbartha a áirithiú tuilleadh, ionas nach gcuirfear le neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia? Sa bhreis ar fhreagairtí éigeandála láithreacha, cad iad na réitigh fhadtéarmacha atá beartaithe agat chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna neamhdheimhneacht an tsoláthair bia agus an mhíchothaithe mar chuid de bheartais forbartha níos leithne agus i ndlúthchomhar lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta? Go háirithe, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat dul i mbun oibre le SEGS agus leis na Ballstáit chun dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais chun an t-athrú aeráide agus an t-ocras arb é coinbhleacht is cúis leis a chosc agus chun cuntasacht a fheabhsú i gcásanna ina n-úsáidtear an t-ocras mar arm cogaidh?*

Tá an tAontas ar cheann de na deontóirí daonnúla is mó, agus is iad cúnamh bia agus tacaíocht chothaithe an cineál riachtanais is mó a dtugtar aghaidh air trí chúnamh daonnúil an Aontais. Le dhá bhliain anuas amháin, tá níos mó ná EUR 1.7 billiún leithdháilte ag an Aontas ar chúnamh daonnúil bia agus cothaithe, agus é ag díriú ar na tíortha is mó atá i ngátar, go háirithe san Afraic fho-Shahárach.

Ach tá na riachtanais ag dul i méid i gcónaí: tá méadú as cuimse tagtha ar neamhshlándáil an tsoláthair bia le blianta beaga anuas agus tá sí ar na leibhéil is airde riamh, arna spreagadh ag coinbhleacht agus neamhshlándáil, tionchar géaraithe an athraithe aeráide agus an choir chun donais eacnamaíoch, tionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, i gcomhthéacs na bochtaineachta agus an neamhionannais rábaigh. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh sé fós ríthábhachtach sna blianta amach romhainn leibhéil leordhóthanacha cúnaimh bia agus cothaithe a choinneáil ar bun, agus táim tiomanta a áirithiú go ndéanfaidh an tAontas an méid sin a bhaint amach. Mar sin féin, ní leor cistiú amháin. Táim suite de nach mór dúinn tacaíocht bhia agus chothaithe a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla trí fheabhas a chur ar spriocdhíriú agus trí úsáid cúnaimh atá bunaithe ar airgead tirim a mhéadú - ós rud é go bhfuil sé níos dínití, níos saoire agus go gcuireann sé le hathléimneacht na ngeilleagar áitiúil. Ba cheart dúinn freisin uirlisí digiteacha a úsáid agus réamhghníomhaíocht a chur chun cinn.

Ar ndóigh, ní féidir fadhb an ocrais a réiteach leis an gcabhair dhaonnúil amháin. Ní mór dúinn cur chuige claochlaitheach a ghlacadh lena gcomhtháthaítear an tsíocháin, an cosc agus an ghníomhaíocht um fhorbairt mar aon le hiarrachtaí éigeandála ar scála mór chun deireadh a chur le timthriall neamhshlándáil an tsoláthair bia agus an mhíchothaithe. Cuirfidh mé dlús leis na hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcomhordú idir gníomhaithe daonnúla, forbartha agus cothaithe síochána agus leis an Ardionadaí/Leas-Uachtarán agus leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus ar iarmhairtí na ngéarchéimeanna bia araon. Ní mór cúnamh bia a chomhcheangal le hinfheistíochtaí níos fadtéarmaí i dtáirgeadh inbhuanaithe talmhaíochta agus bia, i gcórais luathrabhaidh chun éifeacht na haeráide ar tháirgeadh bia a mhaolú, agus é a chomhcheangal freisin le hiarrachtaí láidre taidhleoireachta chun coinbhleachtaí a réiteach, atá ar cheann de na príomhchúiseanna le neamhshlándáil an tsoláthair bia.

Sa chomhthéacs sin, ar leibhéal an Aontais agus mar a leagtar amach sa litir mhisin a cuireadh chugam, comhoibreoidh mé le comhaltaí eile an Choláiste maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na leochaileachta [féach freisin faoi cheist 4] chun infheistíocht leordhóthanach a áirithiú chun córais bhia atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú agus leanfaidh mé de bheith ag tacú leis an tsaincheist seo ar bhealach níos leithne, lena n-áirítear i leith na mBallstát chun a áirithiú go leanfaidh sí sin de bheith ina tosaíocht inár gcúnamh bia uile ón Aontas. Geallfaidh mé freisin go gcuirfidh mé dlús le hoibríochtú straitéis freagartha Fhoireann na hEorpa 2022 maidir le neamhshlándáil dhomhanda an tsoláthair bia, agus muid ag obair i dtreo torthaí comhchoiteanna do ghníomhaithe daonnúla agus forbartha ó sheirbhísí an Aontais agus ó na Ballstáit araon.

Lasmuigh den Aontas, áiritheoidh mé go leanfaimid dár rannpháirtíocht in ardáin agus i dtionscnaimh dhomhanda slándála bia amhail an Líonra Domhanda maidir le Géarchéimeanna Bia, chun an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus chun go gcuirfear chun feidhme go hiomlán Rún 2417 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ina gcáintear an gorta mar arm cogaidh. Leanfaidh mé orm ag ardú fheasacht an phobail agus ag tacú le cuntasacht i gcásanna ina n-úsáidtear an t-ocras mar arm cogaidh agus chun DDI a urramú. Áireofar leis an iarracht abhcóideachta sin freisin oibriú leis an Ard-Ionadaí/Leas-Uachtarán agus leis na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfar gach iarracht maidir le comhlíonadh na saincheiste seo a áirithiú agus beidh sé mar chuid de mo chur chuige i leith na taidhleoireachta daonnúla [féach freisin faoi cheist 4].

Tá rochtain dhaonnúil de dhíth orainn, agus ní mór dúinn a áirithiú go leanfaidh an tslándáil bia de bheith ina tosaíocht. Tá ionradh na Rúise ar an Úcráin tar éis an ghéarchéim dhomhanda maidir le slándáil bia a dhéanamh níos measa go mór trí phraghsanna a ardú agus trí chur isteach ar mhargaí. Ó 2022 i leith, tá Lánaí Dlúthpháirtíochta an Aontais agus conair 2023 na hÚcráine sa Mhuir Dhubh ríthábhachtach chun onnmhairí bia na hÚcráine a choinneáil ag gluaiseacht agus chun praghsanna domhanda a chobhsú. Ní mór don Aontas leanúint de bheith tiomanta do na hiarrachtaí sin. Ag an am céanna, ní mór dúinn a áirithiú go sroicheann an bia na daoine is mó a bhfuil gá acu leis, beag beann ar a fhoinse. Chun é sin a bhaint amach, leanfaidh mé orm ag cur cúnamh bia éifeachtúil chun cinn, agus na cineálacha cur chuige is fearr á n-úsáid agam i ngach cás.

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun a áirithiú go bhfreastalóidh cúnamh daonnúil bia agus cothaithe an Aontais ar na riachtanais, tá sé beartaithe agam treoirlínte beartais dhaonnúil an Aontais maidir le cúnamh bia a thabhairt cothrom le dáta laistigh de na chéad mhíonna de mo théarma oifige.

Ceisteanna ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

*6. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat acmhainní leordhóthanacha a áirithiú laistigh den CAI atá ann faoi láthair agus den cheann atá ar na bacáin chun bainistiú géarchéime agus ullmhacht a fheabhsú? Conas a áiritheoidh tú rochtain chothrom ar na hacmhainní airgeadais is gá do réigiúin agus do phobail a mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar thubaistí nádúrtha a tharlaíonn go minic amhail falscaithe agus triomaigh? Cad iad na bearta nithiúla a mholfaidh tú chun ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a neartú, ag tógáil go sonrach ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM), ar an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) agus ar RescEU? Cad í an amlíne nithiúil do na bearta sin, lena n-áirítear an t-athbhreithniú ar UCPM? Meas tú go ndéanfar amach anseo comhthiomsuithe acmhainní níos buaine a bhunú chun freagairt do chineálacha éagsúla tubaistí, cosúil leis an bhflít tarrthála buan do na dóiteáin foraoise? An féidir leat tuilleadh eolais a thabhairt faoi nádúr an tSásra Eorpaigh um Chosaint Shibhialta agus faoin gcaoi a n-idirghníomhaíonn sé le UCPM? Conas a spreagfaidh tú comhar i measc na mBallstát chun feabhas a chur ar ullmhacht do rioscaí agus do shlándáil agus d'éigeandálaí sláinte?*

Leis an méadú ar an adhaimsir agus le cineál athraitheach na mbagairtí slándála san Aontas, tá sé ríthábhachtach don Aontas cur chuige níos cuimsithí agus níos comhtháite a fhorbairt maidir le bainistiú riosca agus géarchéime.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, stiúrfaidh mé forbairt agus cur chun feidhme Straitéis uaillmhianach AE um Aontas na hUllmhachta, i ndlúthchomhar le mo chomh-Choimisinéirí, agus muid ag tógáil *inter alia* ar an tuarascáil speisialta maidir le hullmhacht shibhialta agus chosanta ó iar-Uachtarán na Fionlainne Niinistö. Tá sé ar intinn agam an Straitéis a chur i láthair go luath sa chéad téarma oifige eile.

D'fhéadfadh Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta sainmhíniú leathan a leanúint ar 'ullmhacht' a bhfuil coincheapa an fhothaithe athléimneachta agus an bhainistithe riosca tubaistí san áireamh ann freisin, agus ar an gcaoi sin cur chuige straitéiseach agus trasearnála uileghabhálach a sholáthar maidir le bainistiú tubaistí agus géarchéime le haghaidh na mblianta atá le teacht. D'fhéadfadh sé a bheith d'aidhm ag an Straitéis sin an méid seo

a leanas a bhaint amach: (1) cur chuige uile-ghuaise: aistriú ó mhodh bainistithe géarchéime frithghníomhach go modh bainistithe géarchéime níos réamhghníomhaí ar leibhéal an Aontais; (2) cur chuige uile-rialtais: cur chuige níos cuimsithí agus níos comhtháite maidir le bainistiú géarchéime na hEorpa ar fud earnálacha agus leibhéil rialachais, agus (3) cur chuige uile-shochaí: forbairt níos leithne ar chultúr ullmhachta agus athléimneachta san Eoraip.

Beidh Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM), a Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha (ERCC) chomh maith lena acmhainneachtaí RescEU ina ngnéithe tábhachtacha den Straitéis chuimsitheach AE seo um Aontas na hUllmhachta ós rud é gur ionstraimí seanbhunaithe, iontaofa agus an-fheidhmiúil iad a fhreastalaíonn ar na Ballstáit chun tubaistí agus éigeandálaí a chosc, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh.

Sin é an fáth, faoi raon feidhme Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta, go bhfuil sé beartaithe agam scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht athbhreithniú a mholadh ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus ar a chomhpháirteanna ERCC agus RescEU.

Léiríodh gur éirigh go han-mhaith le ERCC agus comhordú á dhéanamh aige ar sholáthar cúnaimh lena bhfreagraítear go comhuaineach do ghéarchéimeanna fada, casta agus trasearnála (e.g. COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, coinbhleacht sa Mheánoirthear), agus do ghéarchéimeanna a eascraíonn as an athrú aeráide (dóiteáin fhiáine, tuilte nó stoirmeacha). Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé tuilleadh oibre chun ERCC a neartú sa ról sin mar mhol comhordúcháin géarchéime an Aontais agus treiseoidh mé a chumais chun géarchéimeanna a réamh-mheas, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Beidh sé seo ina ábhar tosaíochta ó thaobh ama de.

Is príomhghné de Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta é RescEU, an chéad chúltaca straitéiseach Eorpach riamh d'acmhainneachtaí cosanta sibhialta, agus léiríonn sé dlúthpháirtíocht an Aontais sa chleachtas. Tá sé ríthábhachtach an cúlchiste straitéiseach sin a choinneáil ar bun agus é a fheabhsú a thuilleadh, i gcás inar gá. Ag an am céanna, ba cheart dúinn córas láidir cúnaimh fhrithpháirtigh a choinneáil ar bun idir na Ballstáit lena n-áirítear anois an 'Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta' deonach, tacaíocht saineolais idir piaraí agus uirlisí fothaithe acmhainneachta eile.

Is é an tosaíocht atá agam acmhainneachtaí rescEU atá ann cheana a choinneáil ar bun agus a athsholáthar. Thairis sin, i bhfianaise na rioscaí aeráide agus slándála atá ag fás go tapa, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun acmhainneachtaí rescEU a leathnú a thuilleadh, mar shampla i réimsí a bhaineann le comhrac dóiteán foraoise, trealamh fuinnimh, frithbhearta leighis chomh maith le hacmhainneachtaí le haghaidh aslonnú leighis agus dídean. Ar an gcaoi chéanna, beidh orainn féachaint ar chumais nua a fhorbairt le haghaidh bagairtí atá ag teacht chun cinn ar leibhéal an Aontais. D'fhéadfadh sé sin feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais aghaidh a thabhairt ar raon níos leithne cásanna tubaiste, cuir i gcás teipeanna bonneagair, cásanna coinbhleachta, agus bagairtí hibrideacha. Breathnóidh mé ar an gceist sin ar bhealach níos nithiúla laistigh den obair ar straitéis AE um Aontas na hUllmhachta.

Thairis sin, beidh forbairt an tSásra Eorpaigh um Chosaint Shibhialta ina príomhghné de Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta. Measaim gur deis é an tionscnamh seo chun bearna thábhachtach atá ann cheana a dhúnadh a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na saoránach agus an phobail ó thaobh a n-athléimneacht féin a neartú chomh maith le rannpháirtíocht ghníomhach ó thaobh comhar sibhialta-míleata. Is comhpháirtithe tábhachtacha iad ár saoránaigh, ár n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus an earnáil phríobháideach ó thaobh ár n-athléimneacht shochaíoch a fheabhsú. Tá tús curtha cheana féin i roinnt Ballstát leis an bplé faoi choincheap nua-aimseartha na cosanta sibhialta. Is mian liom cur leis an machnamh sin, i gcomhar leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa, chun athléimneacht na sochaí a fhorbairt a thuilleadh ar fud an Aontais.

Chun tógáil ar na struchtúir atá ann cheana, a léiríodh go raibh rath orthu, chomh maith le hilroinnt bhreise an chórais bainistithe géarchéime a sheachaint, beidh dlúthnasc ag forbairt Sásra Cosanta Sibhialta leis na struchtúir atá ann cheana agus comhlánóidh sí iad, struchtúir amhail Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha.

Go sonrach maidir le slándáil sláinte, oibreoidh mé faoi threoir an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Dhaoine, Scileanna agus um Ullmhacht agus i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe chun ullmhacht sláinte agus cumas freagartha san Aontas a neartú, go háirithe trí straitéis nua chun tacú le frithbhearta leighis in aghaidh bagairtí sláinte poiblí a bheith ar fáil, agus trí straitéis stoc-charntha níos leithne de

chuid an Aontais. Leanfaimid orainn freisin ag éascú an chomhair idir na Ballstáit agus ag tabhairt tacaíochta dóibh chun ardleibhéal ullmhachta a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta. Plean géarchéime sláinte agus paindéime an Aontais (‘plean coisc, ullmhachta agus freagartha an Aontais’) a bhfuil sé beartaithe é a ghlacadh sna chéad mhíonna den Choimisiún nua, áiritheoidh sé comhar idir na Ballstáit maidir le cosc, ullmhacht agus, rud atá tábhachtach, déanfaidh sé sin le linn na freagartha ar bhagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte. Pléifear é leis na Ballstáit gach bliain agus tabharfar cothrom le dáta go rialta é chun timpeallacht bagairtí atá ag síorathrú a chur san áireamh.

Eagraítear comhar i measc na mBallstát maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar shláinte tríd an gCoiste Slándála Sláinte, comhar atá agus a bheidh ina ghné lárnach dár gcreat ullmhachta agus freagartha don tsláinte. Tacóidh mé leis na hiarrachtaí chun na huirlisí ullmhachta i gcomhair géarchéimeanna a neartú a thuilleadh agus iad a thástáil go rialta. Ar na huirlisí sin tá córas luathrabhaidh agus freagartha an Aontais (EWRS) lena n-áirithítear foláireamh 24 uair an chloig / 7 lá maidir le teacht chun cinn nó forbairt bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, tá saotharlanna tagartha an Aontais don tsláinte phoiblí ar féidir leo tacaíocht a thabhairt chun bagairtí bitheolaíocha a bhrath go tapa agus tá Tascfhórsa Sláinte an Aontais.

Tá dearadh an chreata airgeadais ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo agus na n-ionstraimí a ghabhann leis fós le déanamh againn. Is é an rud a bheidh mé ag iarraidh a áirithiú go leanfaimid orainn ag tógáil cur chuige níos láidre maidir le bainistiú géarchéime agus ullmhacht shibhialta na hEorpa, agus muid ag aistriú ó fhreagairt go hullmhacht réamhghníomhach.

*7. Leagtar amach sa litir mhisin uait roinnt uaillmhianta chun cur leis an gcumas bainistithe géarchéime. Maidir le hullmhacht don tsláinte go sonrach, cén chaoi, meas tú, go ndéanfar dúshláin mhaoiniúcháin a shárú maidir le ciorruithe buiséid a rinneadh le déanaí ar chláir eile amhail an Clár EU4Health agus an clár Fís Eorpach, agus dúshláin a bhaineann le tosaíochtaí polaitiúla iomaíocha, a bhfuil difear déanta cheana féin acu do ghníomhaíochtaí agus do thionscadail a stiúrfaidh AS HERA? Agus cuimhne á coinneáil air sin, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat ullmhacht sláinte a neartú agus cén chaoi, meas tú, a ndéanfar na gníomhaíochtaí sin a mhaoiniú amach anseo? An ndéanfar, meas tú, acmhainneacht HERA a leathnú, agus más rud é go ndéanfar - cén chaoi? An féidir leat tuilleadh sonraí a thabhairt faoi fhorbairt straitéis stoc-charntha an Aontais i gcoitinne? Conas a áiritheoidh tú go ndéanfaidh na straitéisí ullmhachta agus stoc-charntha atá beartaithe an chothromaíocht a bhaint amach idir cúlchistí leordhóthanacha a bheith ann agus gan ganntanais a chruthú sna Ballstáit agus i dtíortha eile, lena n-áirítear an Domhan Theas?*

Tar éis phaindéim COVID-19, thacaigh an tAontas leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí a n-ullmhacht slándála sláinte agus athléimneacht na gcóras sláinte a neartú. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, bhí comhordú agus tacaíocht airgeadais ann nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo.

Ar leibhéal an Aontais, bunaíodh an clár airgeadais is mó agus is uaillmhianaí riamh de chuid an Aontais atá tiomnaithe don tsláinte amháin, EU4Health, mar bhunchloch de mhóiminteam athnuaite an bheartais slándála agus ullmhachta sláinte agus Aontas Sláinte na hEorpa. Tá cuid mhór dá bhuiséad tiomnaithe do dhaoine a chosaint ar bhagairtí tromchúiseacha sláinte trasteorann agus d’ullmhacht sláinte a chothú, go háirithe chun córais faireachais náisiúnta a fheabhsú (thart ar EUR 85 mhilliún) agus chun aghaidh a thabhairt ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (EUR 50 milliún). Ba cheart infheistíocht i ngníomhaíochtaí ullmhachta sláinte agus athléimneacht fhoriomlán na gcóras sláinte a mheas mar infheistíocht seachas mar chostas ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon. Ina theannta sin, cuireadh cistiú EU4Health ar fáil chun freagairt go tapa do shaincheisteanna eile atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear dúshláin dhomhanda sláinte amhail ráig na bolgaí moncaí san Afraic agus feabhas a chur ar chúram sláinte do dhídeanaithe ón Úcráin agus do dhaoine easáitithe.

Maidir le cistiú, agus mé ag feidhmiú laistigh de pharaiméadair an chreata airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair, bainfidh mé an úsáid is mó is féidir as gach euro atá ar fáil.

Maidir le hullmhacht agus freagairt i gcomhair géarchéimeanna, is é freagracht HERA ullmhacht agus freagairt sláinte a neartú san Aontas, i measc nithe eile trí rannchuidiú lena áirithiú go mbeidh frithbhearta leighis ar fáil nuair is gá. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé le gach Comhalta ábhartha eile den Choláiste chun straitéis uaillmhianach a fhorbairt chun tacú le rochtain ar fhrithbheart leighis agus lena n-infhaighteacht, cuir i gcás bagairtí a bhrath go luath, frithbhearta leighis nua a fhorbairt, a dtáirgeadh ar scála agus a n-imscaradh tapa ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

Bhreathnóinn ar an Straitéis nua seo um Fhrithbhearta Leighis mar dheis chun cur chuige 'ó cheann go ceann' a chur ar fáil, idir mheasúnú ar bhagairtí agus tacú le taighde, táirgeadh a mhéadú le linn géarchéimeanna, agus stoc-charnadh. Mar chuid den obair chun ullmhú do bhagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN) agus bunaithe ar straitéis stoc-charntha níos leithne, bhainfeadh sé sin leas as uirlisí amhail soláthar comhpháirteach. Ina theannta sin, bainfidh mé leas as saineolas HERA chun Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta a bheidh ann amach anseo a ullmhú, i gcomhlántacht iomlán le sainchúraimí Coimisinéirí eile. Agus ar deireadh, beidh obair ullmhúcháin HERA le haghaidh Gníomh um Chógais Leighis Chriticiúla chun ganntanais cógas leighis criticiúil a chosc an-ábhartha freisin chun géarchéimeanna sláinte a sheachaint mar thoradh ar ghanntanais chriticiúla den sórt sin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um shláinte agus leas ainmhithe ar na gnéithe sin.

Ceann de na príomhcheachtanna ó phaindéim COVID-19 is ea a thábhachtaí atá sé soláthairtí riachtanacha leighis a imscaradh go tapa le linn géarchéime. Níl aon duine sábháilte go dtí go mbeidh gach duine sábháilte. Ba é sin an chúis leis an gcéad chúlchiste uile-Aontais de threalamh leighis criticiúil a chruthú trí stoc-charn rescEU in 2020. Tá go leor stoc-charn eile de chuid rescEU cruthaithe ó shin i leith. Tá sé ríthábhachtach don Aontas agus do na Ballstáit leanúint orthu ag déanamh infheistíochta chun na frithbhearta leighis iomchuí sna cainníochtaí cearta a dhaingniú. Mar sin féin, ní mór dúinn ár gcistiú a chuíchóiriú i dtosaíochtaí straitéiseacha atá spriocdhírithe go maith.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé i gceist agam oibriú go dlúth le Coimisinéirí eile chun straitéis leathan stoc-charntha AE a fhorbairt. Leis an straitéis sin, neartófar a thuilleadh ár n-acmhainneacht stoc-charntha ar leibhéal an Aontais agus tacófar le stoc-charnadh ar an leibhéal náisiúnta, rud a chuirfidh dlús le pleanáil, dearadh agus cur chun feidhme na stoc-charn, chun gur féidir frithbhearta leighis a chur in úsáid go tapa i gcás éigeandálaí sláinte poiblí.  Cuirfidh mé dlúthchomhar cúramach leis na Ballstáit chun cinn chun réitigh neamhchomhordaithe ar fhardail straitéiseacha a sheachaint, rud a chruthódh míchothromaíochtaí agus a mhéadódh an baol go mbeadh ganntanais sna Ballstáit agus i dtríú tíortha. Táim tiomanta ár sásra bainistithe géarchéime agus freagartha a neartú chun leanúint den aistriú ó fhreagairt go hullmhacht réamhghníomhach.

Chun slándáil sláinte an Aontais a neartú, ba cheart dúinn freisin ár naisc lenár gcomhpháirtithe domhanda a neartú chun an tslándáil sláinte dhomhanda a threisiú, trí úsáid a bhaint as cur chuige Fhoireann na hEorpa de chuid an Aontais, rud a tástáladh le linn COVID-19 agus le déanaí le linn ghéarchéim na bolgaí moncaí. Dá bhrí sin, leanfainn orm ag rannchuidiú, ag obair i gcomhar le mo chomh-Choimisinéirí, le hatreisiú an ollstruchtúir ullmhachta agus freagartha i gcás éigeandálaí sláinte domhanda, ollstruchtúr a múnlaíodh freisin i gcomhthéacs EDS trí na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta agus tríd an gComhaontú Paindéime atá beartaithe.

*8. Cad iad na bearta sonracha a dhéanfaidh tú chun a áirithiú go ndéanfar bearta coisethe tubaistí a chomhtháthú i réimsí beartais eile de chuid an Aontais? I bhfianaise mhinicíocht na dteagmhas adhaimsire ar toradh ar an athrú aeráide iad, cad iad na féidearthachtaí do shineirgí a fheiceann tú idir UCPM agus an Plean um Oiriúnú don Athrú Aeráide a bheidh ann amach anseo? Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat chun cabhrú leis na Ballstáit a mbeidh orthu dul i ngleic le triomaigh thromchúiseacha? Conas a áiritheoidh tú go ndéanfar ullmhacht i gcomhair rioscaí aeráide agus oiriúnú dóibh a leabú go leormhaith i mbeartais talmhaíochta agus bhia an Aontais?*

Tá méadú ag teacht ar an tábhacht a bhaineann le tubaistí a chosc agus tá na héifeachtaí agus na costais a bhaineann leis an athrú aeráide ag éirí níos follasaí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé laistigh den chéad Choimisiún eile chun cur chuige fíorchuimsitheach a ghlacadh ina leith sin, cur chuige atá i gcroílár an aontais ullmhachta a bheidh ann amach anseo freisin, ar deireadh.

Tacóidh mé le comhspriocanna beartais maidir le tubaistí a chosc, go háirithe maidir leis na príomhearnálacha. I measc na dtionscnamh ríthábhachtach i ndáil leis sin tá an Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide, an tionscnamh Athléimneachta i réimse an Uisce, agus an Fhís don Talmhaíocht agus don Bhia.

Is éard atá i gceist le hoiriúnú don athrú aeráide bearta a chur i bhfeidhm go réamhghníomhach a chuireann teorainn le hacmhainneacht scriosach na nguaiseacha aeráide méadaithe. Dá bhrí sin, tacóidh mé go hiomlán lena áirithiú go mbeidh gach infheistíocht athléimneach ó thaobh struchtúir de, trí dhearadh, i leith tubaistí a bhaineann leis an aeráid amach anseo. Thairis sin, cuirfidh mé cosc 'cliste' chun cinn a mbeidh tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta ag baint leis freisin dár sochaithe agus dár saoránaigh. Áirítear leis sin beartais an Aontais maidir le talmhaíocht agus bia, ach níl sé teoranta dóibh. Ar ndóigh, féachfaidh mé lena áirithiú go rachaidh sásraí dlúthpháirtíochta faoi UCPM i ngleic le bagairtí aeráide freisin.

Chonaiceamar go léir na tuilte drámatúla a tharla le déanaí i Lár na hEorpa, dóiteáin agus triomaigh mhéadaitheacha i nDeisceart na hEorpa, eachtraí a léirigh arís an ról ríthábhachtach atá ag an timthriall uisce i mbainistiú riosca tubaistí agus an géarghá atá le cosc neartaithe chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le huisce. Beidh mé réidh chun tacú leis an obair ar an Straitéis Eorpach um Athléimneacht i réimse an Uisce, áit a mbeidh gá le cur chuige ullmhachta. Ar an gcaoi chéanna, oibreoidh mé le mo chomh-Choimisinéirí chun oiriúnú don athrú aeráide a chur chun cinn agus chun cur leis an obair ar an bPlean um Oiriúnú don Athrú Aeráide. Féachfaidh mé freisin le gnéithe d'athléimneacht ó thubaistí a chur chun cinn mar chuid d'inbhuanaitheacht ár n-earnála feirmeoireachta agus bia.

Ceisteanna ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

**9. Ullmhacht**

*Ceann de na tosaíochtaí a thitfidh faoi do chuid shainchúraimí ná Ullmhacht agus Bainistiú Géarchéime. Díreofar é sin i gcomhthéacs na mbagairtí agus na n-ionsaithe hibrideacha atá ag teacht chun cinn, a bhfuil gné inmheánach agus sheachtrach ag baint leo lena gcuirtear i mbaol ní hamháin feidhmiú ár mbonneagar criticiúil agus ár mbunseirbhísí poiblí ach slándáil agus folláine ár saoránach chomh maith lenár gcobhsaíocht eacnamaíoch agus lenár rathúnas freisin. Ina leith sin, beidh sé de chúram ort maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur chun feidhme Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta, a mbeidh mar chuspóir aici amach anseo Dlí AE féideartha um an Ullmhacht. Cad iad na céimeanna a ghlacfaidh tú chun an straitéis seo a fhorbairt? Agus urraim á tabhairt don inniúlacht náisiúnta, conas a áiritheoidh tú go mbeidh leibhéil éagsúla riaracháin, na hearnála príobháidí agus na sochaí sibhialta rannpháirteach go hiomlán sa straitéis seo? Agus cén chaoi a mbeidh sé beartaithe agat Cultúr Ullmhachta an Aontais a neartú inár ndíospóireacht phoiblí?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, stiúrfaidh mé forbairt agus cur chun feidhme Straitéis AE uaillmhianach um Aontas na hUllmhachta, i ndlúthchomhar le mo chomh-Choimisinéirí, le HRVP agus leis na Ballstáit. Tógfaidh mé *inter alia* ar an tuarascáil speisialta maidir le hullmhacht shibhialta agus chosanta ó iar-Uachtarán na Fionlainne Niinistö.

I bhfianaise réaltacht nua bainistithe géarchéime na hEorpa, le bagairtí slándála inmheánacha agus seachtracha atá nua agus atá ag dul in olcas agus le tionchar méadaitheach an athraithe aeráide, is príomhuirlis í Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta chun fís choiteann a fhorbairt maidir le hullmhacht éifeachtúil ár sochaithe, ár saoránach agus ár mbonneagair chriticiúil toisc gur príomhchoinníoll é sin chun ár gcobhsaíocht eacnamaíoch agus ár rathúnas eacnamaíoch a chosaint.

Aithneofar i Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta a thábhachtaí atá an Margadh Aonair, rud a chuireann go mór le OTI an Aontais agus a bhfuil tionchar aige ar bheagnach 450 milliún saoránach. Léirigh géarchéimeanna a tharla le déanaí a leochailí is féidir leis an Margadh Aonair a bheith nuair a tharlaíonn suaitheadh agus a mhéid a bhraitheann geilleagar na hEorpa ar Mhargadh Aonair dea-fheidhmiúil. Beidh an Gníomh um Éigeandáil agus Athléimneacht an Mhargaidh Inmheánaigh (IMERA), a síníodh go foirmiúil i mí Dheireadh Fómhair 2024, ina bhonn do Mhargadh Aonair feidhmiúil le linn géarchéime agus cosnóidh sé saorghluaiseacht earraí, seirbhísí agus daoine. Déanfar foráil le IMERA maidir le freachnaimh chomhpháirteacha leis na Ballstáit le haghaidh ionsamhlúcháin ghéarchéime ar mhórscála, lena n-áiritheofar ullmhacht do chásanna a d'fhéadfadh cur isteach ar an Margadh Aonair. Déanfaidh Bord IMERA, atá freagrach as rialachas agus maoirseacht straitéiseach, comhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa a éascú. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ról ag páirtithe leasmhara tionscail, mar shampla FBManna, chun a áirithiú gur féidir le gnólachtaí rannchuidiú leis na bearta ullmhachta agus tairbhe a bhaint astu.

Déanfaidh Straitéis AE um Aontas na hUllmhachta de chuid an Aontais Eorpaigh sainmhíniú leathan a leanúint ar an 'ullmhacht' a bhfuil coincheapa an fhothaithe athléimneachta agus an bhainistithe riosca tubaistí san áireamh ann freisin, agus ar an gcaoi sin cur chuige straitéiseach uileghabhálach a sholáthar maidir le bainistiú tubaistí agus géarchéime le haghaidh na mblianta atá le teacht. D'fhéadfadh an Straitéis seo díriú ar chur chuige comhtháite agus uile-ghuaise, ar chur chuige uile-rialtais agus ar chur chuige uile-shochaí.

1. Cur chuige comhtháite agus uile-ghuaise: *aistriú chuig modh bainistithe géarchéime níos réamhghníomhaí ar leibhéal an Aontais* - toisc go bhfuil tubaistí agus géarchéimeanna ag éirí níos casta, go dtarlaíonn siad ag an am céanna agus go ngéaraíonn siad a chéile agus déanann siad difear d'earnálacha agus do leibhéil éagsúla riaracháin. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar thubaistí agus ar ghéarchéimeanna den sórt sin agus chun iad a

thuar amach anseo, áiritheoidh mé go neartófar na cumais i réimsí na fadbhreathnaitheachta straitéisí, na réamhaíochta, na hanailíse riosca, an luathrabhaidh, an bhraite agus na hanailíse. Thairis sin, oibreoidh mé le mo chomhghleacaithe sa Choláiste chun tuilleadh príomhshruthaithe a dhéanamh ar rioscaí a bhainistiú agus a chosc, agus ar oiriúnú don athrú aeráide ar fud príomhearnálacha shochaí agus gheilleagar na hEorpa; Ní mór do na Ballstáit agus do na húdaráis áitiúla úsáid níos fearr a bhaint as na cistí réigiúnacha agus comhtháthaithe atá ann cheana chun a leibhéal ullmhachta a mhéadú.

2. Cur chuige uile-rialtais: *cur chuige níos cuimsithí agus níos comhtháite maidir le bainistiú géarchéime na hEorpa* - toisc i gcás tubaiste nó géarchéim chasta, ní mór do ghnéithe éagsúla rialtais, ón leibhéal réigiúnach go dtí an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais, oibriú le chéile gan uaim chun saoránaigh a chosaint. Déanfaidh mé a mheas freisin an bhfuil gá le reachtaíocht maidir le hUllmhacht an Aontais a d'fhéadfadh tacú le caighdeáin agus treoirlínte comhpháirteacha a leagan síos agus iarrachtaí an Aontais agus iarrachtaí náisiúnta a ailíniú ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.
3. Cur chuige uileshochaí *cultúr ullmhachta agus athléimneachta a bhunú ar bhealach níos leithne san Eoraip* - toisc nach féidir ullmhacht chomhchoiteann a áirithiú ach amháin le rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile, mar shampla an earnáil phríobháideach, an tionscal agus gnólachtaí, ach leis an bpobal eolaíochta freisin, agus thar aon ní eile na pobail áitiúla agus ár saoránaigh.

Is chun ár leasa choitinn é cur chuige cuimsitheach maidir le hullmhacht don Aontas in aimsir seo na 'hilghéarchéime'. Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall oibriú go dlúth leis na Ballstáit chun tacú leo a mbeartais agus a n-oibríochtaí náisiúnta bainistithe géarchéime a neartú agus chun a dtacaíocht a fháil don obair riachtanach ar leibhéal an Aontais.

**10. Frith-idirdhealú agus reachtaíocht chomhionannais eile**

*Conas atá sé i gceist agat aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i reachtaíocht frith-idirdhealaithe an Aontais atá ann cheana agus forfheidhmiú éifeachtach reachtaíocht AE maidir leis an bhfrithchiníochas agus leis an bhfrith-idirdhealú a áirithiú, chomh maith le cearta daoine ar de mhionlaigh iad a neartú? Cad iad na pleananna atá agat chun an bac polaitiúil sa Chomhairle ar an Treoir chothrománach maidir leis an bhFrith-Idirdhealú a shárú agus cad atá ar intinn agat i dtaobh an togra atá ann cheana, agus seasamh Pharlaimint na hEorpa á chur san áireamh? Maidir leis an togra i ndáil le liosta choireanna an Aontais a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a áireamh ann, conas atá sé beartaithe agat an bac atá ar an togra sin a bhaint, agus cad iad na bearta breise a dhéanfaidh tú chun na cionta sin a chomhrac? Conas a dhéanfaidh tú faireachán ar chur chun feidhme na Treorach maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac i gcomhréir le Coinbhinsiún Iostanbúl? An bhfuil sé beartaithe agat athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme na Treorach chun sainmhíniú ar éigniú atá bunaithe ar thoiliú a chur san áireamh? An dtacóidh tú leis an liosta reatha de 'choireanna an Aontais', mar a leagtar amach in Airteagal 83 CFAE, a leathnú chun 'foréigean inscnebhunaithe' a áireamh go sainráite ann, agus cad iad na gníomhaíochtaí eile atá beartaithe agat chun an foréigean sin a chomhrac, lena n-áirítear cibearfhoréigean inscnebhunaithe? Cad é do straitéis i gcoinne na cibearbhulaíochta agus, maidir le bagairtí ar líne, cén cur chuige a bheidh agat chun leanaí agus grúpaí leochaileacha eile a chosaint ar líne, go háirithe maidir le patrúin dhorcha, dearaí meabhlacha agus andúileacha agus ábhar a ghintear le IS? Conas a chomhoibreoidh tú leis na Coimisinéirí eile sa réimse seo, go háirithe leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus leis an gCoimisinéir um Dhaonlathas, um Cheartas agus um an Smacht Reachta?*

Tá dul chun cinn tábhachtach déanta le blianta beaga anuas chun creat dlíthiúil foriomlán an Aontais maidir le comhionannas agus frith-idirdhealú a neartú. Mar sin féin, dá nglacfaí an Treoir maidir le Cóir Chomhionann, líonfaí bearna mhór atá fós ann i reachtaíocht an Aontais maidir le frith-idirdhealú trí gach duine inár sochaithe a chosaint, lasmuigh den réimse fostaíochta a chumhdaítear cheana féin le reachtaíocht an Aontais, ar idirdhealú ar bhonn reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise nó gnéaschlaonta. Tá rún daingean agam a áirithiú go mbeidh an chaibidlíocht maidir leis an togra cuimsitheach seo fós ina tosaíocht don téarma oifige atá le teacht, agus mé ag brath ar an tacaíocht leanúnach ó Pharlaimint na hEorpa. Sa Chomhairle, leis an dul chun cinn a rinneadh le déanaí faoi Uachtaránacht na Beilge, cruthaíodh móiminteam láidir chun dul chun cinn a dhéanamh. Comhoibreoidh mé go dlúth le hUachtaránachtaí na Comhairle agus bainfidh mé leas as mo chuid iarrachtaí uile chun tacú leis an obair sa Chomhairle d'fhonn teacht ar an aontoilíocht is gá.

Is dúshlán fós é rialacha comhionannais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Cuirtear in iúl go soiléir sna Treoirlínte Polaitiúla gur cheart cur chun feidhme a bheith ina phríomhthosaíocht, agus go háirithe i réimse an chomhionannais, is é an tionchar atá ag ár rialacha ar dhaoine aonair atá tábhachtach. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, bainfidh mé úsáid as an idirphlé cur chun feidhme le páirtithe leasmhara a leagtar

amach sna Treoirlínte Polaitiúla chun an dul chun cinn a phlé agus chun dúshláin nithiúla cur chun feidhme ar an láthair a shainaithint: Táim ag tnúth leis na torthaí i bParlaimint na hEorpa a phlé ionas gur féidir linn oibriú le chéile ar réitigh. Tacóidh mé freisin leis na Ballstáit an reachtaíocht nua a chur chun feidhme, trí cheardlanna agus treoir a d'fhéadfadh cabhrú le húdaráis náisiúnta agus le páirtithe leasmhara, amhail páirtithe sóisialta, na rialacha a chur i bhfeidhm ar an láthair. Tá go leor samplaí den dea-chleachtas ann, agus ní mór dúinn iad sin a chur chun cinn. Déanfaidh mé dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an dá Threoir nua maidir le neartú a dhéanamh ar chomhlachtaí comhionannais a chuidíonn le híospartaigh an idirdhealaithe.

Leis an gcéad tuarascáil eile ar na Treoracha maidir le Comhionannas Ciníocha agus Comhionannas Fostaíochta atá le teacht in 2026, molfaidh mé díriú go sonrach ar na smachtbhannaí i gcásanna idirdhealaithe. Déanfaidh mé obair leantach leis na Ballstáit chun cur i bhfeidhm cuí a áirithiú. Ar deireadh, bainfidh mé úsáid as na cumhachtaí uile a thugtar don Choimisiún chun cur chun feidhme cuí an *acquis* a áirithiú, chomh maith le breithiúnais ábhartha ón gCúirt Bhreithiúnais. Mar shampla, a mhéid a bhaineann le comhionannas LGBTIQ, tacóidh mé go hiomlán leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm na breithiúnais maidir le haitheantas a thabhairt do phósadh agus do thuismíocht lánúineacha comhghnéis idir Ballstáit chun críoch saorghluaiseachta.

Ar an gcaoi chéanna, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta a mhéid a bhaineann leis an bhfuathchaint agus leis an gcoireacht fuatha a áireamh ar liosta 'choireanna an Aontais' in Airteagal 83 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chun an Chomhairle a spreagadh chun an Cinneadh riachtanach ón gComhairle a ghlacadh d'aon toil. Ó thaobh an chomhionannais de go sonrach, áiritheoidh mé go mbeidh áit lárnach ag gníomhaíochtaí chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac i straitéisí Aontas an Chomhionannais tar éis 2025, straitéisí a bhaineann le comhionannas inscne, frithchiníochas agus comhionannas LGBTIQ. Déanfaidh mé mo dhícheall freisin aghaidh a thabhairt ar an bhfuathchaint agus ar an bhfuathchoireacht atá dírithe ar Romaigh agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Ina theannta sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce chun comhordú éifeachtach a áirithiú idir straitéisí Aontas an Chomhionannais agus an obair chun an frith-Sheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú, agus chun an fuath frith-Mhoslamach a chomhrac.

Is cuid scanrúil den saol é an foréigean inscnebhunaithe fós don iomarca daoine san Aontas agus níor cheart aon áit a bheith aige inár sochaithe. Le blianta beaga anuas, rinne an tAontas dul chun cinn chun foréigean den sórt sin a chosc, íospartaigh a chosaint agus pionós a ghearradh ar chiontóirí, go háirithe le glacadh na Treorach chun foréigean in aghaidh na mban a chomhrac agus le haontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl. Cur chun feidhme iomlán na Treorach seo, lena n-éilítear coiriúlú, *inter alia*, fuathchaint inscnebhunaithe ar líne agus lena mbunaítear bearta maidir le híospartaigh a chosc, a chosaint agus tacú leo agus maidir lena rochtain ar cheartas, beidh sé sin ríthábhachtach anois. Tacóidh mé leis na Ballstáit a n-oibleagáidí a chur chun feidhme maidir le foréigean inscnebhunaithe i gcoitinne, agus maidir le ról an toilithe i gcaidreamh gnéasach go háirithe.

A mhéid a bhaineann le coir an éignithe, is oth liom nach bhféadfaí sainmhíniú ar éigniú ar leibhéal an Aontais bunaithe ar easpa toilithe a chomhaontú sa Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban. Léiríonn fianaise eimpíreach agus cásanna poiblí reatha go bhfuil sainmhínithe atá bunaithe ar úsáid fornirt nó bagartha as dáta agus go bhfuil gá le sainmhíniú nua-aimseartha atá bunaithe ar easpa toilithe. Sula ndéanfar athbhreithniú ar an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban, áfach, ba cheart dúinn díriú ar dtús ar í a chur chun feidhme go hiomlán agus i gceart. É sin ráite, cuideoidh mé leis an gCoimisinéir um Ghnóthaí Inmheánacha agus um an Imirce sa chaibidlíocht ar an Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí, áit a gcuirtear sainmhíniú comhchosúil san áireamh agus ina mbeidh tacaíocht na Parlaiminte riachtanach. Chun tuilleadh feabhais a chur ar liosta choireanna an Aontais, bheadh gá le haontoilíocht sa Chomhairle, mar atá leis na tograí maidir leis an bhfuathchaint agus leis an gcoireacht fuatha.

Tá roinnt beart le déanamh chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean a thuilleadh. Chomh maith le cur chun feidhme na Treorach maidir le foréigean in aghaidh na mban, lena n-éilítear coiriúlú a dhéanamh ar na cineálacha cibearfhoréigin is coitianta (comhroinnt neamhthoiliúil íomhánna dlúthchaidrimh, mar shampla domhainbhrionnuithe arna nginiúint ag IS, cibearchiapadh, cibearstalcaireacht agus fuathchaint fhrithbhanda ar líne), má dheimhnítear m'ainmniúchán, fiosróidh mé cód iompair le hardáin na meán sóisialta maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní, rannchuideoidh mé leis an bplean gníomhaíochta i gcoinne na cibearbhulaíochta agus leis an obair atá á stiúradh ag an gCoimisinéir um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt. Ar deireadh, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta maidir le sábháilteacht sa pholaitíocht ós rud é go bhfuil an chibearbhulaíocht ar cheann

de na príomhchúiseanna, go háirithe an chibearbhulaíocht inscnebhunaithe, nach dtéann mná isteach sa pholaitíocht agus nach cloíonn siad léi.

**11. Straitéisí comhionannais, sonraí míchumais agus comhionannais**

*Conas a chomhoibreoidh tú le Coimisinéirí eile de chuid an Aontais chun comhleanúnachas agus príomhshruthú straitéisí comhionannais éagsúla a áirithiú i mbeartais eile de chuid an Aontais, amhail an Straitéis LADTIA+, Straitéis an Aontais maidir le Comhionannas Inscne, an Straitéis maidir le Comhionannas agus Cuimsiú na Romach, agus plean gníomhaíochta an Aontais maidir le Frithchiníochas agus an Straitéis Frithchiníochais? An bhfuil tograí reachtacha nua beartaithe agat agus na straitéisí comhionannais agus frith-idirdhealaithe á dtabhairt cothrom le dáta? Conas a oibreoidh tú chun a áirithiú go leanfaidh an tAontas de bheith ina spás sábháilte cuimsitheach do gach duine, gan beann ar a ngnéaschlaonadh ná ar a bhféiniúlacht inscne? An dtabharfaidh tú gealltanas go n-úsáidfear nósanna imeachta tapa um shárú i gcásanna cúlaithe? Cad iad na bearta a dhéanfá chun feabhas a chur ar sonraí comhionannais breise agus sonraí comhionannais níos fearr a bhailiú? Thairis sin, cad iad na bearta a dhéanfaidh tú chun cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD) a áirithiú laistigh de na Ballstáit agus laistigh d'institiúidí an Aontais? Cad iad na céimeanna a ghlacfaidh tú chun go nglacfaidh AE páirt i bPrótacal Roghnach CRPD?*

Ní cuspóir ann féin é príomhshruthú comhionannais, ach modh chun bunús sochaí córa agus rathúla a neartú, agus, trí leas a bhaint as a tallann uile, chun geilleagar níos iomaíche agus sochaí dhaonlathach agus shábháilte a bhaint amach. Sin an fáth nach mór dúinn leanúint orainn ag comhcheangal tionscnaimh chomhionannais spriocdhírithe le príomhshruthú comhionannais chun Aontas an Chomhionannais a luaitear sa litir mhisin a cuireadh chugam a bhaint amach.

I gcomhréir leis an Litir Mhisin a cuireadh chugam, má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh mé i gceannas ar an obair maidir le príomhshruthú comhionannais i mbeartais, i reachtaíocht agus i gcláir chistiúcháin an Aontais. Bainfidh mé leas iomlán as an Tascfhórsa um Chomhionannas lena líonra Comhordaitheoirí Comhionannais in Ard-Stiúrthóireachtaí uile an Choimisiúin agus sa tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, lena gcumhdaítear réimsí beartais uile an Aontais. Tá gealltanas tugtha ag na Coimisinéirí ainmnithe uile agus ag na Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin ainmnithe uile maidir le príomhshruthú inscne. Táim ag tnúth leis an tiomantas láidir sin a thabhairt chun cinn trí mhalartuithe le mo chomhghleacaithe maidir le príomhshruthú comhionannais ina sainchúraimí, go háirithe maidir leis na deiseanna a thagann chun cinn nuair a chuirtear comhionannas san áireamh, deiseanna a théann chun tairbhe do chách. Oibreoidh mé leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, chun a fháil amach conas is fearr is féidir peirspictíocht an chomhionannais a chomhtháthú i gcláir chistiúcháin. Is féidir le sampla ón am atá caite a bheith ina inspioráid: an treoirthionscadal maidir le príomhshruthú inscne sa bhuiséad.

Ba cheart oiliúint agus faisnéis ar fud an Choimisiúin a bheith mar thaca leis sin, ag díriú ar réimsí amhail príomhshruthú inscne, comhionannas LGBTIQ nó príomhshruthú míchumais. Le measúnuithe tionchair agus meastóireachtaí ar fud réimsí beartais an Aontais, is féidir breathnú ar ghné an chomhionannais ar bhealach úsáideach.

Tá roinnt straitéisí agus pleananna gníomhaíochta de chuid Aontas an Chomhionannais ag teacht chun deiridh an bhliain seo chugainn. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tosóidh mé láithreach ag obair ar an Straitéis nua um Chomhionannas Inscne, ar Straitéis athnuaite um Chomhionannas LGBTIQ agus ar Straitéis nua um an bhFrithchiníochas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, áiritheoidh mé go mbainfidh dearadh na straitéisí nua tairbhe as próiseas leathan comhairliúcháin, ina mbeidh Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit, an tsochaí shibhialta agus páirtithe leasmhara eile rannpháirteach. Fiosróidh mé an bhfuil gá le gníomhaíocht, agus cén ghníomhaíocht a bheadh ann, chun na bearnaí atá fós ann a líonadh nó chun an creat dlíthiúil atá ann cheana a neartú, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain chomhionann na bhfear agus na mban ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le tionchar na reachtaíochta nua ar an intleacht shaorga ar an neamh-idirdhealú agus ar an gcomhionannas.

A mhéid a bhaineann le sábháilteacht daoine LGBTIQ, déanfaidh mé mo dhícheall sochaithe Eorpacha níos sábháilte a thógáil do dhaoine ina n-éagsúlacht uile. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé measúnú cúramach ar an méid a baineadh amach, ar na bearnaí atá fós ann agus molfaidh mé bearta spriocdhírithe chun seasamh le cearta daoine LGBTIQ agus chun sineirgí a chruthú leis na straitéisí comhionannais eile. Leis an Straitéis athnuaite um Chomhionannas LGBTIQ a mholfaidh mé, díreofar, i measc nithe eile, ar thoirmeasc a chur ar chleachtas na teiripe tiontaithe, agus lánurraim á tabhairt d'inniúlachtaí na mBallstát. Is iomaí gné den bheartas

inar gá leasanna ar leith daoine LGBTIQ a chur san áireamh, mar shampla ciapadh, cearta leanaí agus meabhairshláinte. Táim ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh ar na saincheisteanna sin leis na Coimisinéirí atá freagrach as na sainchúraimí sin.

Beidh seachadadh, cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú rialacha comhionannais agus frith-idirdhealaithe i gcroílár mo chuid oibre mar Choimisinéir um Chomhionannas, má dheimhnítear m'ainmniúchán. Pléifidh mé leis na Ballstáit cá bhfuil easnaimh agus déanfaidh mé maoirseacht ar chur chun feidhme cuí na reachtaíochta a glacadh le déanaí. Tabharfaidh comhlachtaí comhionannais neartaithe níos mó éifeachta do rialacha comhionannais agus neamh-idirdhealaithe an Aontais ar an leibhéal náisiúnta. I gcás inar gá agus inarb iomchuí, ní bheidh aon drogall orm a mholadh don Choláiste go bhfeidhmeoimis na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún mar Chaomhnóir na gConarthaí, mar shampla úsáid a bhaint as nósanna imeachta um shárú.

Aontaím go hiomlán go dteastaíonn sonraí níos cruinne agus níos inchomparáide uainn le cur ar a gcumas do lucht déanta beartas agus don phobal scála agus cineál an idirdhealaithe a fhulaingítear a mheas, agus ár bhfeasacht ar threochtaí a thógáil ar bhonn láidir. Tá dul chun cinn déanta, mar shampla trí obair leis na Ballstáit lena n-áirítear trí staidreamh náisiúnta. Molfaidh mé go gcuirfidh an Coimisiún dlús breise lena iarrachtaí maidir le sonraí comhionannais agus na straitéisí comhionannais á n-athnuachan aige. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, le linn mo théarma oifige oibreoidh mé laistigh den Choimisiún, leis na Ballstáit, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), le hUachtaránachtaí na Comhairle, le grúpa Praia na Náisiún Aontaithe, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus le páirtithe leasmhara eile chun níos mó sonraí comhionannais agus sonraí comhionannais níos fearr a fháil.

Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair ar thuarascáil ar dhul chun cinn na Straitéise maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030, tuarascáil ina ndéantar measúnú ar a cur chun feidhme, chomh maith leis na dúshláin atá fós ann. Tá an Coimisiún, mar phointe fócasach an Aontais faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), ag ullmhú freisin don idirphlé cuiditheach maidir lena chur chun feidhme san Aontas. Tá na próisis sin an-chabhrach chun na bearnaí atá fós ann a shainaithint agus, i gcás ina meastar gur gá, chun cuspóirí agus gníomhaíochtaí na Straitéise a thabhairt cothrom le dáta. Níor aontaigh na Ballstáit uile don Phrótacal Roghnach a ghabhann le UNCRPD, agus is leis an gComhairle ó 2008 i leith atá an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas an Aontais leis an bPrótacal Roghnach. Geallaim go gcinnteoidh mé go gcloífidh an Coimisiún go dlúth le dul chun cinn aontachais na mBallstát leis an bPrótacal Roghnach seo.

Dá ndeimhneofaí m'ainmniúchán, bheadh sé ar cheann de na chéad tosaíochtaí a bheadh agam na bearnaí atá fós ann a dhúnadh agus rannchuidiú le hEoraip atá saor ó bhacainní do dhaoine faoi mhíchumas. Fostaíocht, maireachtáil neamhspleách, inrochtaineacht, agus príomhshruthú breithnithe míchumais ar fud na réimsí beartais uile, sin iad na príomhréimsí a dtabharfar aird orthu i gcónaí.

<u>Ceisteanna ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne</u>

*12. Cad iad na príomhréimsí tosaíochta agus na bearta nithiúla atá agat don Treochlár atá ar na bacáin maidir le Cearta na mBan agus do Straitéis athnuaite an Aontais maidir le Comhionannas Inscne? Cén bhaint a bheidh acu le doiciméid straitéiseacha eile? Conas a áiritheoidh tú go dtabharfar tosaíocht do chearta na mban agus don chomhionannas inscne agus go gcumhdófar i gceart iad laistigh de do réimse cúraim féin agus ar fud an Choimisiúin nua; conas a eagróidh tú an obair; conas a áiritheoidh tú comhar leis an gCoimisinéir um Cheartas agus le AS JUST? Cén chaoi a mbeidh sé i gceist agat an cur chuige trasnach a choinneáil agus a chomhtháthú i do chuid oibre i réimse na sláinte agus an oideachais agus i soláthar earraí agus seirbhísí; an áireofar sa straitéis obair leantach ar an tiomantas do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe agus treoirlínte atá le forbairt d'oideachas gnéasachta agus caidrimh atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de?*

Leagfar amach sa Treochlár maidir le Cearta na mBan ár bhfís maidir le cearta na mban, rud a chuirfidh tús le plé le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit. Is léir cheana féin nach mór tús áite a thabhairt i gcónaí ar an gclár oibre do réimsí amhail foréigean in aghaidh na mban agus cumhachtú eacnamaíoch agus polaitiúil na mban. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht agus leis na Coimisinéirí uile chun a áirithiú go léireofar sa Treochlár na dúshláin maidir le comhionannas inscne i ngach réimse beartais, bíodh sin i réimse na hoibre, na sláinte, an oideachais, an cheartais, na rannpháirtíochta polaitiúla nó an spáis ar líne. Cuideoidh an teaglaim den dá shainchúram atá orm a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár in aimsir ghéarchéime. Tá gnéithe soiléire comhionannais ag baint le

géarchéimeanna éagsúla – géarchéimeanna sláinte, coinbhleachta nó aeráide – agus ní mór riachtanais grúpaí éagsúla daoine sa tsochaí a chur san áireamh i bhfreagairtí éifeachtacha ar ghéarchéimeanna.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, molfaidh mé treochlár don Choláiste lena gcuirfear clár oibre ardleibhéil ar fáil; beidh sé mar threoir againn agus ár Straitéis um Chomhionannas Inscne tar éis 2025 á forbairt againn, straitéis ina gcuirfear gníomhaíochtaí nithiúla i láthair chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Tarraingeoidh an straitéis amach anseo ar roinnt staidéir leanúnacha agus ar phróiseas leathan comhairliúcháin phoiblí freisin. Tosaíocht amach anseo a bheidh i gcur chun feidhme reachtaíocht an Aontais a glacadh le blianta beaga anuas, agus a áirithiú go mbainfear amach na cearta nua agus an chosaint neartaithe ar an láthair. Tosaíocht eile a d'fhéadfadh a bheith ann is ea tionscnamh a fhorbairt chun ionadaíocht na mban sa pholaitíocht a fheabhsú, rud a bheadh nasctha freisin le hobair an Choimisinéara um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta, maidir le sábháilteacht iarrthóirí polaitiúla agus ionadaithe tofa. D'fhéadfadh tionscnaimh eile neamhspleáchas airgeadais na mban a neartú agus an bhearna phinsin idir na hinscní a laghdú agus dul i ngleic le steiréitíopaí inscne díobhálacha, go háirithe sna meáin agus san fhógraíocht. Tá sé i gceist agam freisin breathnú go grinn ar idirdhealú algartamach, agus an chéad taithí ar chur chun feidhme an Ghnímh nua um an Intleacht Shaorga á cur san áireamh. D'fhéadfadh an Straitéis aghaidh a thabhairt freisin ar shaincheisteanna áirithe a bhaineann leis an tsláinte, mar shampla saincheisteanna maidir le cearta gnéis agus atáirgthe a mhéid a chumhdaítear le hinniúlacht an Aontais. Déanfaidh mé mo dhícheall, i gcomhar leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, comhleanúnachas iomlán a áirithiú idir an Treochlár agus an chéad Straitéis eile um Chomhionannas Inscne agus gníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir leis na gnéithe sin. D'fhéadfadh an Straitéis nua um Chomhionannas Inscne cur chuige trasnach a thógáil freisin, agus aird á tabhairt ar staid an-leochaileach na mban faoi mhíchumas, na mban imirceach, nó na mban LBTIQ, mar shampla, agus ar an gcaoi sin comhleanúnachas le straitéisí eile de chuid Aontas an Chomhionannais a áirithiú. Ó thaithí phearsanta, tá a fhios agam cé chomh riachtanach atá sé cur chuige trasnach a shaothrú le haghaidh gníomhaíocht éifeachtach beartais comhionannais.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé go dlúth leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe i réimse na sláinte. Bhí Clár EU4Health ríthábhachtach chun an neamhionannas a chomhrac maidir le galair a chosc, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus soláthar cúraim sláinte. Faoi Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa, tá neamhionannais doiciméadaithe ag an gClárlann Eorpach um Éagothromaíochtaí Ailse a bhaineann le haois, inscne, leibhéal oideachais agus ioncaim, agus éagothromaíochtaí maidir le cosc agus cúram ailse idir ceantair uirbeacha agus thuaithe i réimse na hailse.

I bhfianaise na n-idirnasc idir ár mbeartais faoi seach, oibreoidh mé i ndlúthchomhar leis an gCoimisinéir um an Daonlathas, an Ceartas agus an Smacht Reachta chun a áirithiú go ndéanfar gné an chomhionannais a chomhtháthú go cuí i ngach beartas atá faoina fhreagracht.

Tá sé i gceist agam freisin oibriú go dlúth leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht agus leis an gCoimisinéir um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt. chun dul i ngleic le saincheisteanna amhail idirdhealú, bulaíocht agus steiréitíopaí san oideachas. Cé go n-urramaítear inniúlacht na mBallstát cinneadh a dhéanamh maidir le hábhar an oideachais, i mo thuairimse, is fachtóir ratha ríthábhachtach é oideachas cuimsitheach gnéasachta a chur chun cinn, i gcomhréir le Treoirlínte UNESCO agus le caighdeáin idirnáisiúnta, chun foréigean inscnebhunaithe a chosc agus chun sláinte agus folláine daoine óga a fheabhsú.

Meabhraítear d'Fheisirí Onóracha freisin breathnú ar fhreagraí ar cheist 10.

*13. Tá an bhearna phá idir na hinscní fós ann sa lá atá inniu ann agus, in éineacht le dúshláin struchtúracha eile maidir le rannpháirtíocht na mban san fhostaíocht, cuirtear le bearna phinsin idir na hinscní a chruthaíonn ábhair imní dá samhail. Cad iad na gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanfaidh tú chun dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní agus chun idirdhealú pá a laghdú go háirithe in earnálacha a bhfuil líon níos mó ban ag obair iontu amhail earnáil an chúraim agus cad iad na pleananna atá agat chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus chun deireadh a chur leo, amhail easpa cothromaíochta oibre is saoil agus tacaíocht leordhóthanach agus creat dlíthiúil le haghaidh freagrachtaí cúraim a bhíonn ar mhná, amhail máithreacha, lena gcuirtear le rannpháirtíocht níos ísle na mban san fhostaíocht agus in earnálacha ard-ioncaim? Conas a thabharfaidh tú aird ar leith ar mhná i staideanna forbhásacha nó i ndálaí leochaileachta, amhail mná gan dídean, nó ar rochtain na mban i gceantair thuaithe nó i réigiúin iargúlta ar sheirbhísí agus ar bhonneagar riachtanach?*

Ní hamháin gur éagóir é neamhionannas inscne, ach is bac ollmhór eacnamaíoch é freisin a bhfuil drochthionchar fadtéarmach aige ar ár n-iomaíochas. Cé go bhfuil laghdú beag tagtha ar an mbearna phá idir na hinscní san Aontas, ó 13.7 % in 2019 go 12.7 % in  2022, tá sí fós ró-ard i bhformhór na mBallstát. Mar thoradh ar na deacrachtaí a bhíonn ag mná le linn a saoil oibre, bhí an bhearna phinsin idir na hinscní fós ag 25.4 % ar leibhéal an Aontais in 2023.

Na bearta trédhearcachta pá a leagtar amach sa Treoir a glacadh le déanaí agus forfheidhmiú níos láidre an chirt maidir le pá comhionann, athróidh siad sin an saol ó bhonn le haghaidh na mban san Eoraip. Leis na bearta sin, tabharfar de chumhacht d’oibrithe a gcearta a éileamh trí rochtain a thabhairt dóibh ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu. Spreagfaidh na rialacha nua gníomhaíocht ó chuideachtaí freisin chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach nó ar chlaontacht sa phá, i gcás inarb ann dóibh.

Tá go dtí mí an Mheithimh 2026 ag na Ballstáit chun an Treoir a thrasuí sa dlí náisiúnta. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, ba mhaith liom go ndéanfadh an Coimisiún iarracht chomhbheartaithe tacú le trasuí cuí na Treorach sna Ballstáit, agus ansin í a chur chun feidhme go hiomlán sa chleachtas, agus ualaí iomarcacha riaracháin ar fhostóirí á seachaint ag an am céanna. Is féidir linn é sin a dhéanamh trí cheardlanna cur chun feidhme agus malartuithe foghlama frithpháirtí a eagrú chun comhroinnt dea-chleachtas a éascú, agus trí chruinnithe a eagrú leis na Ballstáit a bhfuil ceisteanna acu maidir le léirmhíniú an dlí. Oibreoidh mé ar threoir, mar shampla maidir le conas prionsabal an phá chomhionainn a bhunú go dlíthiúil agus an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe thrasnaigh.. Tacaíonn cistiú ón Aontas le húdaráis náisiúnta uirlisí digiteacha a fhorbairt chun cur i bhfeidhm na rialacha nua a éascú.

Chomh maith le dul i ngleic leis an mbearna phá, leanfainn orm ag iarraidh an bhearna fostaíochta idir na hinscní a dhúnadh. Beart tábhachtach amháin chun é sin a dhéanamh is ea cur chun feidhme na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil. Tá sé d’aidhm ag an Treoir seo comhroinnt níos fearr freagrachtaí cúraim a éascú chun na dálaí a chruthú do mhná dul isteach sa mhargadh saothair nó fanacht ann, go háirithe nuair atá leanaí nó daoine scothaosta sa teaghlach a bhfuil cúram le tabhairt dóibh. Déanann sé amhlaidh trí shaoire teaghlaigh agus socruithe solúbtha oibre a dhearadh ar bhealach a fhágann go bhfuil siad níos tarraingtí agus, dá bhrí sin, ba cheart go méadódh sé an líon fear a bhaineann leas astu.

B’éigean na rialacha nua a chur chun feidhme faoi mhí Lúnasa 2022. Tá sé ar intinn agam anois dlúthfhaireachán a dhéanamh féachaint an gcomhlíonann na dlíthe náisiúnta ceanglais na Treorach, go háirithe a forálacha maidir le saoire do thuismitheoirí agus/nó a cúiteamh. Mar chéad chéim, tá sé ar intinn agam dul i mbun idirphlé leis na Ballstáit lena mbaineann chun iarracht a dhéanamh dul i ngleic le cuid de na heasnaimh agus chun an tacaíocht chistiúcháin atá ar fáil a chur chun cinn.

Ar deireadh, chun dul i ngleic leis an ‘mbearna chúraim idir na hinscní’, beidh deiseanna sa Straitéis athnuaite um Chomhionannas Inscne chun gníomhaíochtaí nua a chur i láthair chun cearta agus comhionannas na mban a neartú, ar fud an Aontais agus institiúidí an Aontais.

Maidir le mná atá i staideanna forbhásacha nó i ndálaí leochaileachta, braithim go láidir nach mór a riachtanais shonracha a chur san áireamh i ngníomhaíochtaí an Choimisiúin. Mar shampla, is minic gur mná den chuid is mó iad ‘daoine dofheicthe gan dídean’, mar a thugtar orthu, nach bhfuil áit chónaithe bhuan acu. Oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht agus leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht chun a áirithiú go mbainfidh an chéad Straitéis Frithbhochtaineachta riamh de chuid an Aontais le dúshláin chomhionannais, go háirithe comhionannas inscne. Chun aghaidh a thabhairt ar staid na ndaoine is leochailí, mar shampla daoine gan dídean, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na bochtaineachta, agus díriú ar easpa ioncaim, ar bhearnaí sa rochtain ar mhargadh an tsaothair agus ar bhearnaí sa rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus riachtanacha.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tá sé i gceist agam freisin dlús a chur leis na hiarrachtaí chun comhionannas do mhná a chur chun cinn i réigiúin thuaithe agus iargúlta. In ainneoin an mhéid ollmhór a rannchuidíonn siad, is minic a bhíonn rochtain mhíchothrom acu ar acmhainní, ar oideachas agus ar chumhacht cinnteoireachta. Oibreoidh mé i gcomhar leis an gCoimisinéir um Thalmhaíocht agus Bia chun a áirithiú go gcuirfimid leis an méid atá bainte amach ag ár mbeartais agus leis an gcistiú atá ar fáil chun tacú le mná i gceantair thuaithe agus iargúlta, mar shampla CBT 2023-2027 ina bhfuil tagairt shonrach don ghá atá le feabhas a chur ar staid na mban atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta. Is iad na seirbhísí riachtanacha agus sóisialta na príomhchumasóirí maidir le cuimsiú sóisialta na mban atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta. Cinnteoidh mé go leanfaidh cistiú ón Aontas de bheith ag infheistiú i soláthar na seirbhísí sin sna réimsí sin chun tairbhe do mhná.

*14. Is sciúirse é an foréigean inscnebhunaithe a dhéanann difear do mhná uile an Aontais sa bhaile, ag an obair nó ar na sráideanna. Cén chaoi a mbeidh sé i gceist agat cur chun feidhme iomlán na Treorach maidir le Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Baile agus Choinbhinsiún Iostanbúl a áirithiú i ngach cuid den Aontas? Luaitear foréigean gnéasach agus cibearbhulaíocht sa Treoir ach tá níos mó ag teastáil. Cad iad na bearta a áireofar sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Cibearbhulaíocht atá ar na bacáin chun a áirithiú go mbeidh spásanna digiteacha sábháilte ó chiapadh ar líne, ón bhfuathchaint agus ó mhí-úsáid ar líne? Agus an rachaidh sé i ngleic le híomhánna a úsáidtear chun mná a dhíghrádú agus chun smál a chur ar a gcáil, lena n-áirítear cinn IS-ghinte, trí ábhar amhail domhainbhrionnuithe nó mí-úsáid ghnéasach bunaithe ar íomhánna a chomhroinnt agus a scaipeadh? Conas is féidir é sin a bhaint amach, lena n-áirítear trí bearta coiscthe arna ndéanamh ag cuideachtaí teicneolaíochta? An mbeidh sé mar thosaíocht agat treoirlínte a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le feachtais múscailte feasachta a chur ar bun maidir le ról an toilithe i gcaidrimh ghnéis i ngach Ballstát agus maidir le hoideachas gnéasachta agus an bhfuil sé beartaithe agat aon tograí reachtacha nó tionscnaimh reachtacha a chur ar aghaidh maidir le coiriúlú an éignithe le sainmhíniú atá bunaithe ar thoiliú? An oibreoidh tú ar aon togra tiomnaithe nua lena dtéitear i ngleic leis an bhforéigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear togra a thíolacadh le haghaidh cinneadh ón gComhairle chun liosta reatha 'choireanna an Aontais', mar a thugtar orthu, a leathnú agus foréigean inscnebhunaithe a shainaithint mar réimse nua coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) CFAE, mar a d'iarr an Pharlaimint?*

Ceann de phríomhcholúin na Straitéise um Chomhionannas Inscne 2020-2025 is ea a bheith saor ó fhoréigean agus steiréitíopaí. Is cúis bhróid dom gur ghlac an tAontas Eorpach an Treoir cheannródaíoch maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac i mí na Bealtaine i mbliana. Ní mór dúinn a áirithiú anois go gcuirfear an dlí nua i bhfeidhm ar an láthair faoi dháta an trasuite i mí an Mheithimh 2027. Tacóidh mé leis na Ballstáit an Treoir a chur chun feidhme go tráthúil agus i gceart. Ag an am céanna, rannchuidíonn an Treoir le cur chun feidhme oibleagáidí an Aontais Eorpaigh faoi Choinbhinsiún Iostanbúl i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla sna Ballstáit, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil an Coinbhinsiún daingnithe acu.

Ina theannta sin, ní mór Coinbhinsiún Iostanbúl a chur chun feidhme freisin a mhéid a bhaineann le riarachán poiblí an Aontais. Beidh ar gach institiúid, gníomhaireacht, toscaireacht agus comhlacht sraith beart a bheith i bhfeidhm acu, ina measc sin beartais agus creataí láidre frithchiaptha. I gcomhar leis an gCoimisinéir um an mBuiséad agus Comhrac Calaoise agus um an Riarachán Poiblí, neartóidh mé an comhordú le hinstitiúidí uile an Aontais, lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh ár riaracháin phoiblí na ceanglais agus chun dea-chleachtais a mhalartú.

Cheana féin in 2015, fuarthas amach i suirbhé ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha gur thuairiscigh bean amháin as gach deichniúr san Aontas gur fhulaing siad cibearchiapadh i bhfoirm ríomhphoist nó teachtaireachtaí téacs gáirsiúla gan iarraidh nó cluanaireacht mhíchuí ar na meáin shóisialta. Ó shin i leith, ní ag dul i laghad atá an baol ach ag dul i méid go mór. Bíonn tionchar ar leith ag ciapadh ar líne ar mhná atá gníomhach sa saol poiblí, rud a d'fhéadfadh mná a chur ina dtost, bac a chur ar a rannpháirtíocht sa tsochaí agus an bonn a bhaint de phrionsabal an daonlathais.

Is léiriú le déanaí iad íomhánna táireacha a ghintear ar líne agus leis an intleacht shaorga ar fhadhb níos struchtúrtha an fhoréigin in aghaidh na mban. Tá uirlisí ar fáil dúinn cheana féin nach mór dúinn leas iomlán a bhaint astu. Leis an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban, déantar comhroinnt neamhthoiliúil ábhair phearsanta nó chúbláilte a choiriúlú, áirithítear go bhfaighidh íospartaigh an tacaíocht is gá agus déantar a rochtain ar an gceartas a éascú. Tá rialacha láidre sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) freisin chun dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe ar líne, go háirithe trí shásraí soiléire a chur san áireamh agus trí chomharthóirí iontaofa a bhfuil saineolas acu ar na saincheisteanna sin a cheapadh. Leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, éilítear ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus ar sholáthraithe inneall cuardaigh an-mhór measúnú riosca a dhéanamh agus, i gcás ina sainaithneoidís rioscaí a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe, na rioscaí sin a mhaolú ar bhealach éifeachtach. Tá gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha déanta ag an gCoimisiún cheana féin i ndáil le roinnt eintitis ainmnithe maidir leis na rioscaí a eascraíonn as intleacht shaorga ghiniúnach agus oibríonn sé go dlúth leis na saineolaithe sa Lárionad Eorpach um Thrédhearcacht Algartamach chun dul i ngleic le saincheist an ábhair a ghintear leis an intleacht shaorga amhail domhainbhrionnuithe nó mí-úsáid ghnéasach íomhábhunaithe.

Leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, tugtar isteach rialacha maidir leis an intleacht shaorga ghiniúnach, is é sin chun 'domhainbhrionnuithe' a lipéadú agus chun réitigh theicniúla a leabú lenar féidir aschur a ghintear leis an intleacht shaorga a bhrath. Cuirfidh sé sin ar a gcumas do sholáthraithe seirbhísí ar líne ábhar den sórt sin a shainaithint agus na bearta is gá a dhéanamh, mar shampla aon ábhar a chuireann cuma nocht ar mhná go bréagach

a bhaint. Thairis sin, leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga, cuirtear toirmeasc ar an intleacht shaorga a úsáideann ábhar meabhlach den sórt sin chun dallamullóg a chur ar dhaoine agus díobháil a dhéanamh. D'fhéadfadh fíneálacha móra a bheith mar thoradh ar shárú na rialacha sin. Tá an Coimisiún ag obair ar threoraíocht phraiticiúil chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go pras agus go comhleanúnach forálacha an Ghnímh um an Intleacht Shaorga maidir leis na toirmisc sin a bheadh infheidhme ó mhí Feabhra 2025 ar aghaidh.

Mar a fógraíodh sa Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuideoidh mé le creat deonach a chur ar bun chun ardáin ar líne agus páirtithe leasmhara eile a thabhairt le chéile chun cosaint níos fearr a thabhairt do mhná ar líne. Tá sé i gceist agam obair a sheoladh le hardáin na meán sóisialta maidir leis an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní. Leis na bearta sin a dhéanfar le chéile, áiritheofar go dtabharfar aghaidh go héifeachtach ar an gcibearfhoréigean inscnebhunaithe ar fud an Aontais, go mbeidh muinín ag íospartaigh go gcosnaíonn an dlí go héifeachtach iad, agus go ngearrfar pionós ar an gcibearfhoréigean neamhdhleathach.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé go hiomlán leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathassan obair chun teachtaireacht láidir a sheoladh maidir le cur chun feidhme iomlán na ndlíthe sin agus chun a áirithiú go gcuirfear san áireamh sa treoir faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga na díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr íomhánna a ghintear leis an intleacht shaorga a úsáidtear chun mná a dhíghrádú agus chun smál a chur ar a gcáil agus chun dul i ngleic go héifeachtach leis an gcibearbhulaíocht, leis an bhfuathchaint neamhdhleathach agus leis an bhforéigean inscnebhunaithe.

Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar an gcibearbhulaíocht freisin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé le hobair an Choimisinéara um Chothroime Idirghlúine, um an Óige, um Chultúr agus Spórt chun an obair seo agus na snáitheanna oibre comhionannais a thabhairt le chéile.

Ar deireadh, a mhéid a bhaineann le coir Eorpach nua ar fhoréigean inscnebhunaithe, meabhraítear d'Fheisirí Onóracha breathnú ar fhreagraí ar cheist 10.

Ceist ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

*15. Mar Choimisinéir ainmnithe um Chomhionannas, conas a dhéanfaidh tú ábhair imní maidir le comhionannas a phríomhshruthú i ngach réimse beartais ábhartha agus conas a áiritheoidh tú cur chuige comhtháite agus cuimsitheach, mar shampla idir na straitéisí comhionannais éagsúla i do réimse freagrachta agus an Straitéis nua Frithbhochtaineachta, Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus an Plean nua Eorpach um Thithíocht Inacmhainne? Maidir leis an Straitéis nua um Chomhionannas Inscne, cad iad na gníomhaíochtaí atá beartaithe agat chun an bhearna phá agus phinsin idir na hinscní a dhúnadh? Cad iad na bearta reachtacha atá beartaithe agat chun seasamh na mban san ionad oibre a neartú, agus go háirithe chun dul i ngleic leis an iliomad míbhuntáistí a bhíonn roimh mhná tríd an 'pionós máithreachais' dá dtagraítear ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)? Conas a thabharfaidh an Straitéis aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí, go háirithe maidir le soláthar luathchúraim leanaí chun filleadh na mban ar an margadh saothair a éascú?*

*An ngeallann tú go ndéanfaidh tú an Straitéis reatha maidir le Cearta daoine faoi mhíchumas a thabhairt cothrom le dáta le tionscnaimh shuaitheanta nua do 2025-2030 agus cad iad na réimsí tosaíochta ar a ndíreoidh tú sna blianta amach romhainn? Conas a áiritheoidh tú go gcuirfear reachtaíocht amhail an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach chun feidhme go cuí chun cearta daoine faoi mhíchumas a chosaint? I gcomhréir le hoibleagáidí an Aontais agus na mBallstát faoi CRPD, cad iad na gníomhaíochtaí eile de chuid an Aontais atá beartaithe agat chun feabhas a chur ar staid shóisialta agus eacnamaíoch daoine faoi mhíchumas, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar a saoirse gluaiseachta agus ar a gcumas dul chun cónaí agus oibriú i mBallstáit éagsúla de chuid an Aontais?*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Chomhionannas, áiritheoidh mé go gcuirfear comhionannas agus frith-idirdhealú san áireamh i ngach beartas trí obair an Tascfhórsa um Chomhionannas agus trí dhlúth-theagmhálacha le mo chomhghleacaithe. Oibreoidh mé chun sonraí comhionannais níos fearr a bhaint amach, chun an bonn fianaise a neartú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais chomhionannais agus ar ábhair imní grúpaí éagsúla. Cuirfidh mé trédhearcacht chun cinn agus cuntas á thabhairt agam ar an dul chun cinn i dtreo Aontas an Chomhionannais ar an iomlán. Neartóidh mé an t-idirphlé le gníomhaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus rachaidh mé i dteagmháil leis na daoine lena mbaineann. Ar fud na straitéisí ábhartha, oibreoidh mé chun bearta a shainaithint, a chur san áireamh agus a mholadh do dhaoine a bhfuil idirdhealú á

dhéanamh orthu, mar shampla pobail imeallaithe amhail na Romaigh, daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, agus máithreacha aonair. Is i dteannta a chéile a chuirfimid Aontas an Chomhionannais chun cinn.

Oibreoidh mé go dlúth leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht a chuirfidh Plean Gníomhaíochta nua i láthair chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme chomh maith le Straitéis AE i gcoinne na Bochtaineachta, agus leis an gCoimisinéir um Fhuinneamh agus Tithíocht, a chuirfidh an chéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne ar aghaidh.

Cé go mbeidh na gníomhaíochtaí faoin gcéad Straitéis eile um Chomhionannas Inscne ag brath ar thoradh staidéar leanúnach agus ar phróiseas leathan comhairliúcháin phoiblí, is léir cheana féin go mbeidh tuilleadh gníomhaíochtaí ag teastáil uainn chun dul i ngleic leis na bearnaí inscne i margadh an tsaothair. Thug mé mionchuntas ar mo sheasamh maidir le bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní i mo fhreagra ar cheist 13.

Tá an 'pionós máithreachais san ioncam' éagórach amach is amach. Tá sé bunaithe ar chlaontacht agus ar idirdhealú a mbíonn ar mháithreacha aghaidh a thabhairt air óna bhfostóirí de ghnáth. Chun cur ina choinne, rachaidh mé i ngleic a thuilleadh le steiréitíopaí inscne díobhálacha agus oibreoidh mé le comhlachtaí comhionannais agus le cigireachtaí saothair chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú ar mháithreacha san ionad oibre – agus ar idirdhealú ar aithreacha ar mian leo saoire teaghlaigh a ghlacadh freisin. Tá creat dlíthiúil láidir i bhfeidhm againn, agus déanfaidh mé scrúdú níos géire ar a chur chun feidhme éifeachtach sna Ballstáit uile. Chun dul i ngleic le roinnt mhíchothrom na hoibre gan íocaíocht agus le saincheist an chúraim, áiritheoidh mé go gcuirfidh na Ballstáit an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach agus go ndéanfaidh siad obair leantach ar an Moladh maidir leis an luath-oideachas agus cúram na luath-óige. Oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Dhaoine, Scileanna agus um Ullmhacht chun na Ballstáit a spreagadh chun infhaighteacht agus cáilíocht seirbhísí cúraim a fheabhsú (le haghaidh cúram fadtéarmach freisin), mar shampla trí chistiú ón Aontas.

Mar a leagtar amach i bhfreagra ar cheist 13, tá sé i gceist agam cur leis na tionscnaimh a chuir an Coláiste reatha ar aghaidh, agus iad a fhorbairt a thuilleadh, chun na bearnaí atá fós ann a dhúnadh agus chun cur le hEoraip atá saor ó bhacainní do dhaoine faoi mhíchumas. Áirítear leis sin an obair ar chur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas. Fostaíocht, maireachtáil neamhspleách, inrochtaineacht, agus príomhshruthú breithnithe míchumais ar fud na réimsí beartais uile, sin iad na tosaíochtaí atá ann go fóill.

Tá sé i gceist agam gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun tacú le cur chun feidhme cuí na dTreoracha nua maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach agus leis an gCárta Páirceála Eorpach. Déanfaidh mé idirchaidreamh leis na Ballstáit chun tacú lena n-iarrachtaí le linn an phróisis trasuímh sa dá bhliain go leith amach romhainn. Áiritheoidh mé freisin go n-ullmhóidh mé na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme chun an creat dlíthiúil a thabhairt chun críche agus chun tabhairt isteach na gcártaí ar an leibhéal náisiúnta a chumasú, agus go háirithe gníomh tarmligthe lena leagfar amach gnéithe digiteacha do na cártaí fisiciúla, atá le glacadh laistigh de bhliain ó theacht i bhfeidhm na Treorach.

<u>Ceist ón bhFochoiste um Shláinte Phoiblí</u>

*16. Ceann de na cúraimí atá ort is ea straitéis nua a fhorbairt chun tacú le frithbhearta leighis in aghaidh bagairtí ar an tsláinte phoiblí. Sa chomhthéacs sin, tá tábhacht ar leith ag baint leis an easpa neamhspleáchas straitéiseach Eorpach agus leis an róspleáchas atá ann faoi láthair ar allmhairiú Comhábhar Gníomhach Cógaisíochta (APInna). Tá sé ríthábhachtach sásra láidir a bhunú lena dtacófar le táirgeadh APInna agus le cógais chríochnaithe inacmhainne inrochtana d'othair laistigh den Eoraip. Ní hamháin go mbeadh sé sin riachtanach dá mbuailfimis le paindéim eile, ach bheadh sé ríthábhachtach do réimse fhorbairt an choisc agus na cóireála galar san Eoraip i gcoitinne, idir ghalair choitianta agus ghalair neamhchoitianta. An bhféadfá do straitéis a leagan amach chun ullmhacht do dhúshláin sláinte a fheabhsú i bhfianaise an chúlra sin, agus an dlúthpháirtíocht dhomhanda á cur san áireamh freisin? I do fhreagra, tabhair aghaidh go háirithe ar an mbonneagar comhair laistigh agus lasmuigh den Aontas;conas sásra láidir a bhaint amach chun cógais chriticiúla leighis agus comhábhair chriticiúla a tháirgeadh, a fhorbairt agus a chur ar fáil; conas spleáchas an Aontais ar sholáthraithe eachtracha a laghdú agus maoiniú an bheartais sláinte poiblí a áirithiú lena n-áirítear trí chlár sláinte an Aontais.*

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, cuirfidh mé béim láidir ar chomhar idirnáisiúnta in éineacht leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta agus leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe toisc go dteastaíonn comhar agus dlúthpháirtíocht dhomhanda i ngéarchéimeanna sláinte domhanda.

Oibríonn an Coimisiún leis an meon sin cheana féin agus comhoibríonn sé go dlúth le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus le tríú tíortha. Cuireadh tástáil ar na comhpháirtíochtaí seo an samhradh seo nuair a tháinig ráig d'athraitheach níos déine de Mpox chun cinn, a scaip ar fud roinnt tíortha agus a bhí ina chúis le básanna i measc na ngrúpaí is leochailí. Agus muid tógáil ar an gcomhar a forbraíodh le blianta beaga anuas, ba muidne an chéad dream a sholáthair vacsaíní ar an láthair i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, laistigh de choicís tar éis don Eagraíocht Dhomhanda Sláinte Éigeandáil Sláinte Phoiblí arb Ábhar Imní ar Leibhéal Idirnáisiúnta í a fhógairt agus mar sin bhíomar in ann tús a chur le feachtais vacsaínithe láithreach ina dhiaidh sin. Ní bheifí in ann é sin a dhéanamh gan an caidreamh muiníne a bunaíodh ó phaindéim COVID-19 i leith agus an creat treisithe maidir le bagairtí sláinte trasteorann, mar shampla bunú HERA. Sa chleachtadh, chuir an Coimisiún san áireamh freisin comhroinnt vacsaíní arna ndeonú ag na Ballstáit agus thacaigh sé leis an gcomhroinnt sin. A bhuí le cur chuige Fhoireann na hEorpa, is príomh-chomhpháirtí muid sa lá atá inniu ann sa fhreagairt ar an ráig.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé leis an gCoimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe ina chuid oibre ar an gComhaontú Paindéime atá beartaithe, ar cheart dó feabhas a chur ar chosc, ullmhacht agus freagairt ar phaindéimí a bheidh ann amach anseo ar an leibhéal domhanda, chomh maith leis an gCoimisinéir um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta, chun an Global Gateway a threisiú. Ní hamháin gur cheart d'infheistíochtaí díriú ar an Aontas Eorpach, ach ba cheart dóibh cabhrú lenár gcomhpháirtithe domhanda freisin a n-acmhainneachtaí monaraíochta athléimneacha féin a fhorbairt. Leanfar de na tionscnaimh atá ann cheana, amhail tionscnamh suaitheanta Fhoireann na hEorpa maidir le monarú vacsaíní, cógas agus teicneolaíochtaí sláinte san Afraic agus rochtain a thabhairt orthu, agus beidh siad ina samhail úsáideach chun acmhainneachtaí a neartú i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim.

Ag an am céanna, chun tacú le soláthar agus tabhartais, is gá frithbhearta leighis a bheith ar fáil. Mar a léiríodh le paindéim COVID-19, d'fhéadfadh ganntanais frithbheart leighis riachtanach a bheith mar thoradh go tapa ar easpa acmhainneachtaí cúltaca monaraíochta agus soláthair, ar shlabhraí luacha domhanda casta chun cógais a tháirgeadh agus a dháileadh, agus ar easpa éagsúlú foinsí spleáchais ó thríú tíortha. Dá bhrí sin, measaim gur cheart don Aontas Eorpach leanúint d'infheistíocht a dhéanamh chun bheith níos uathrialaithí maidir le frithbhearta leighis criticiúla a mhonarú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tacóidh mé le hobair an Choimisinéara um Shláinte agus um Leas Ainmhithe maidir le Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla, a bhfuil sé d'aidhm aige athléimneacht ár slabhraí soláthair a neartú agus spleáchais ar thíortha nach Ballstáit den Aontas iad le haghaidh cógais leighis chriticiúla agus a gcomhábhair a laghdú.

Leis an Straitéis nua um Fhrithbhearta Leighis a chuir an tUachtarán tofa de chúram orm a sheachadadh, tá sé beartaithe teiripic, vacsaíní, diagnóisic, feistí leighis agus trealamh cosanta a chumhdach. Mholfaí cur chuige 'ó cheann go ceann' sa Straitéis, idir mheasúnú ar bhagairtí agus tacú le taighde agus le forbairt fréamhshamhlacha agus táirgí nua, táirgeadh a mhéadú le linn géarchéimeanna, agus sásra stoc-charntha na dtáirgí criticiúla sin. Mar chuid den obair chun ullmhú do bhagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha (CBRN) agus bunaithe ar straitéis stoc-charntha níos leithne, bhainfeadh sé sin leas as uirlisí amhail soláthar comhpháirteach agus stoc-charnadh.

Ní féidir le straitéis den sórt sin tionchar a imirt ar an láthair ach amháin má leanann sí cur chuige comhordaithe, le bosca uirlisí feabhsaithe de chuid an Aontais d'ionstraimí beartais ábhartha. Beidh mé ag brath ar thacaíocht Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun í a chur chun feidhme.